



An Bhruiséil, 21 Samhain 2019  
(OR. en)

14210/19

**Comhad Idirinstiúideach:  
2018/0089(COD)**

**CONSOM 310  
MI 795  
ENT 254  
JUSTCIV 215  
DENLEG 103  
CODEC 1636**

**NÓTA**

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE – Cur chuige ginearálta

**I. RÉAMHRÁ**

1. Ar an 11 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Is cuid den phacáiste dar teideal "Margadh Nua do Thomhaltóirí" an togra seo ina bhfuil dhá threoir<sup>1</sup> agus teachtaireacht chothrománach<sup>2</sup> arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbainfidh tomhaltóirí tairbhe iomlán as a gcearta faoi dhlí an Aontais agus na coinníollacha a chruthú le haghaidh iomaíocht níos córa do thrádálaithe comhlíontacha.

<sup>1</sup> Chun teacht ar an togra eile maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar dhlí na dtomhaltóirí, féach 7876/18.

<sup>2</sup> Féach 7875/18.

2. Moltar sa dréacht-treoir seo an Treoir maidir le hUrgairí<sup>3</sup> a nuachóiriú agus a ionadú trí bhearta sásaimh a chur ar fáil chomh maith le bearta urghaire i gcás sáruithe ar dhlí an Aontais a dhéanann difear do ghrúpa tomhaltóirí. Is é an aidhm atá ann borradh a chur faoi éifeachtacht na gcomhchaingne trí rialacha forfheidhmiúcháin níos fearr a chur i bhfeidhm, go háirithe i gcásanna ina bhféadfaí tomhaltóirí aonair a dhíspreagadh sásamh a lorg sa chuírt mar gheall ar chostais arda dlíthiochta agus/nó éilimh ar luach íseal. Cumhdaítear leis an togra freisin cásanna ina ndéanann sáruithe difear do thomhaltóirí i níos mó ná Ballstát amháin d'fhonn cosaint tomhaltóirí a fheabhsú i ngeilleagar ina bhfuil an domhandú agus an digiteáil níos tábhachtaí ná riamh.

Ní dhéantar foráil sa Treoir maidir le hUrgairí ach do chaingne ionadaíocha chun sáruithe ar dhlí thomhaltóirí an Aontais a stopadh nó a thoirmeasc, ach ní chun comhshásamh a fháil lena gceadaítear do thomhaltóirí aonair cúiteamh airgeadais a fháil, mar shampla. Mar thoradh air sin, tá difríochtaí suntasacha ann i gcosaint comhleasanna tomhaltóirí ó cheann ceann an Aontais Eorpaigh, ós rud é go bhfuil nósanna imeachta le haghaidh comhshásaimh tugtha isteach ag roinnt Ballstát, rud nach bhfuil déanta ag Ballstáit eile. Leis an togra seo, bheadh nós imeachta caingne ionadaíocha lena gcumhdaítear bearta sásaimh ar fáil do thomhaltóirí i ngach Ballstát, maidir le caingne intíre agus caingne trasteorann araon.

3. Go sonrach, ceadaítear leis an togra d'eintitis cháilithe comhleasanna tomhaltóirí a chosaint trí na nithe seo a leanas:

- eagraíochtaí tomhaltóirí nó comhlachtaí poiblí, go háirithe, a bheith ainmnithe ag na Ballstáit mar eintitis cháilithe;
- caingne ionadaíocha a thabhairt in aghaidh trádálaithe déanta an tsáraithe, lena n-áirítear trádálaithe a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát eile;
- bearta sásaimh a thabhairt isteach, lena n-áirítear cúiteamh airgeadais go háirithe.

---

<sup>3</sup> Treoir 2009/22/CE maidir le hUrgairí chun leasanna tomhaltóirí a chosaint (IO L 110, 1.5.2009, lch. 30).

Leis an togra, díritear freisin ar rialáil a dhéanamh ar na príomhghnéithe is gá chun creat a bhunú ar cheart é a chomhlánú ar an leibhéal náisiúnta le rialacha sonracha nós imeachta nó le sásraí comhshásaimh atá ann cheana.

Ar deireadh, áirítear sa chóras atá beartaithe coimircí in aghaidh an bhaoil a bhaineann le dlíthíocht mhí-úsáideach nó dlíthíocht gan fiúntas trína cheangal ar eintitis chálithe a bheith go hiomlán trédhearcach maidir le foinsí a gcistithe.

4. D'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 20 Meán Fómhair 2018<sup>4</sup>.
5. Is é an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) an coiste freagrach i bParlaimint na hEorpa. Is é Geoffroy Didier (PPE — FR) an rapóirtéir. Ghlac JURI an tuarascáil uaidh ar an 6 Nollaig 2018 agus thug Parlaimint na hEorpa a seasamh chun críche ar an gcéad léamh ar an 26 Márta 2019 agus chuir sé in iúl an cinneadh uaidh dul i mbun caibidlíochta leis an gComhairle.

## **II. OBAIR A RINNEADH LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE**

6. I mí Aibreán 2018, faoi Uachtaráinacht na Bulgáire, chuir an Mheitheal um Chosaint agus Faisnéis na dTomholtóirí túis leis an scrúdú ar an togra. Scrúdaíodh an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra ar an 24-25 Aibreáin 2018, ar bhonn freagraí a tugadh ar an seicliosta. Anuas air sin, eagraíodh dhá chruinniú eile den mheitheal i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2018.
7. Leanadh den phlé faoi Uachtaráinacht na hOstaire agus faoi Uachtaráinacht na Rómáine agus eagraíodh lena linn aon cheann déag de chruinnithe na meithle chun roinnt tograí comhréitigh ón Uachtaráinacht a scrúdú. Leanadh den obair faoi Uachtaráinacht na Fionlainne; rinneadh plé fairsing le linn deich gcinn de chruinnithe na meithle agus, ina theannta sin, chuir na toscaireachtaí an iliomad barúlacha in iúl. Ar an dóigh sin, rinneadh athstruchtúrú suntasach ar an togra ach, ag an am céanna, caomhnaíodh éirim agus cuspóirí an togra ón gCoimisiún.

---

<sup>4</sup> EESC INT/853.

8. Le linn an phlé a rinneadh ar leibhéal na meithle, oiriúnaíodh an togra (féach III.A thíos) d'fhonn freastal ar na hábhair imní a chuir na Ballstáit in iúl. Lena chois sin, rinneadh roinnt modhnuithe teicniúla d'fhonn an togra a shoiléiriú, a athstruchtúrú agus a chomhlánú i gcás inar gá (féach III.B thíos).

### **III. ATHRUITHE AR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN**

9. Tá an comhréiteach ón Uachtaráinacht bunaithe ar na bloic thógála a dtugtar tuairisc orthu anseo thíos agus is pacáiste comhréitigh é atá cóir agus cothrom lena dtacaíonn tromlach na mBallstát.

#### **A – Na príomhathruithe**

- a) Idirdhealú idir caingne ionadaíocha intíre agus caingne ionadaíocha trasteorann  
(Airteagail 4, 4a agus 4b; aithrisí 9a go 11h)

Leis an togra ón gCoimisiún, tá sé beartaithe eintitis cháilithe atá ainmnithe i mBallstát a chumasú chun caingne ionadaíocha a thabhairt i mBallstát eile, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad roinnt critéar amhail iad a bheith bunaithe i gceart agus neamhbhrabúsach.

Molann an Uachtarántacht na nithe seo a leanas:

- idirdhealú soiléir idir caingne ionadaíocha intíre agus caingne ionadaíocha trasteorann, leis na sainmhínithe comhfhereagracha;
- critéir ar leithligh chun eintitis cháilithe a ainmniú chun críche caingne ionadaíocha intíre agus caingne ionadaíocha trasteorann, le critéir atá sainithe i gcomhréir leis an dlí náisiúnta maidir le heintitis cháilithe chun críche gníomhartha ionadaíocha intíre (Airteagal 4);
- critéir chomhchoiteanna agus athneartaithe le haghaidh eintitis cháilithe atá ainmnithe chun críche caingne ionadaíocha trasteorann (Airteagail 4a agus 4b);

- aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'eintitis chálithe atá ainmnithe chun críche caingne ionadaíocha trasteorann agus, ag an am céanna, an deis a thabhairt do chúirteanna agus údaráis riarcháin náisiúnta an neamhspleáchas airgeadais atá ag eintiteas cálithe a scrídú i gcaingean ionadaíoch trasteorann ar leith agus, i gcás inarb iomchuí, diúltú dá inniúlacht dhlíthiúil (Airteagal 4b(3), an dara mír).

**b) Cinntí dearbhaitheacha (Airteagal 6(2) agus aithris 4a)**

Arna iaraidh sin ag na Ballstáit, molann an Uachtaráin go scriosfaí an deis in Airteagal 6(2) go bhféadfadh an chuírt nó an t-údarás riarcháin, ar rún uaithi nó uaidh féin, cinneadh dearbhaitheach maidir le dliteanas a eisiúint in ionad ordú sásaimh agus, ag an am céanna, go dtabharfaí cead do na Ballstáit reachtaíocht a choimeád nó a achtú maidir le caingne a bhaineann le cinneadh dearbhaitheach ar an leibhéal náisiúnta mar a fhoráiltear in aithris 4a.

**c) Cúitimh a athdháileadh i gcás caillteanais bheaga**

Arna iaraidh sin do na Ballstáit agus ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, molann an Uachtaráin go scriosfaí foráil maidir le méideanna beaga cúitimh airgeadais a athdháileadh chun críocha poiblí a fhónann do chosaint tomholtóirí, seachas é a dháileadh ar na tomholtóirí a ndearnadh díobháil dóibh.

**d) Éifeachtaí cinntí críochnaitheacha (Airteagal 10; aithrisí 31a agus 33)**

Sa chomhréiteach ón Uachtaráin, cuirtear san áireamh na hábhair imní a chuir roinnt Ballstát in iúl maidir le héifeachtaí cinntí críochnaitheacha, go háirithe maidir leis an gceanglas go ndéanfaí cinneadh críochnaitheach lena suitear sárú a mheas mar fhianaise dhoshéanta i gcásanna den chineál céanna, toisc go bhféadfadh sé sin a bheith contrártha leis an dlí náisiúnta maidir le meastóireacht a dhéanamh ar fhianaise.

Ina ionad sin, molann an Uachtaráin go dtabharfaí le fios gur féidir na cinntí críochnaitheacha thuasluaite a úsáid mar fhianaise gur ann don sárú sin.

e) Forálacha idirthréimhseacha (Airteagal 20 mar aon le hAirteagal 11; aithrisí 35 agus 35a)

Arna iaraidh sin ag na Ballstáit, molann an Uachtaránacht go mbeadh feidhm ag an Treoir maidir le caingne ionadaíocha a thabharfar tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach, seachas maidir le sáruithe a gcuirfear tús leo ina dhiaidh sin. Tá an t-athrú atá beartaithe ag an Uachtaránacht i gcomhréir leis an dlí nós imeachta agus áirithítear leis go gcuirfear an Treoir i bhfeidhm níos tapúla (Airteagal 20(1) agus (2)).

Chomh maith leis sin, creideann an Uachtaránacht nach mór tréithe ar leith an dlí náisiúnta maidir le fionraí nó briseadh i dtréimhsí teorann (Airteagal 20(2a)) a chur san áireamh.

## B – Athruithe eile

Rinneadh roinnt modhnuithe eile freisin, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- an raon feidhme a chomhlánú agus a chuíchóiriú (Airteagal 2 agus Iarscríbhinn I);
- soiléiriú a dhéanamh ar fheidhmiú caingne ionadaíocha, go háirithe maidir le faisnéis, costais/táillí nós imeachta agus an t-idirdhealú idir bearta urghaire agus bearta sásaimh (Airteagail 5, 5a, 5b, 8 agus 9);
- pionóis a theorannú do mhainneachtain bearta urghaire a chomhlónadh, ordúithe chun oibleagáidí fianaise agus faisnéise a nochtadh, chomh maith le hinniúlacht na mBallstát a choinneáil maidir le hioncam ó fhíneálacha a leithdháileadh (Airteagal 14);
- ceanglais faisnéise a shimplíú chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir (Airteagal 18).

10. Ag an gcuinniú a bhí aige ar an 20 Samhain 2019, chinn Coiste na mBuanionadaithe go gcuirfí an téacs faoi bhráid Chomhairle Iomaíochais an 28 Samhain 2019, d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta. Léirítear an téacs nua **i gcló trom/le líne faoi** agus is le [...] a léirítear téacs a scriosadh as an togra ón gCoimisiún.

#### **IV. CONCLÚID**

Tá an Uachtaráin go léirítear sa téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn, comhréiteach cothrom idir na tuairimí a nocth na toscaireachtaí. Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta ar an mbonn sin ag Comhairle Iomaíochais an 28 Samhain 2019.

---

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, lena n-aisghairtear  
Treoir 2009/22/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtgníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (0) Tá méadú tagtha ar an mbaol go ndéanfaidh an domhandú agus an digiteáil dochar do líon mór tomhaltóirí leis an gcleachtas neamhdhleathach céanna. Is cúis díobhála don tomhaltóir sárutithe ar dhlí an Aontais. Gan modhanna éifeachtacha chun deireadh a chur le cleachtais neamhdhleathacha agus chun cailleanais tomhaltóirí a shásamh, cuirtear bac ar mhuinín na dtomhaltóirí sa mhargadh inmheánach.**
- (0a) Ina theannta sin, d'fhéadfadh easpa modhanna éifeachtacha forfheidhmithe dhlí an Aontais lena gcosnaítear tomhaltóirí a bheith ina cúis le saobhadh ar iomaíocht chóir idir trádálaithe déanta an tsáraithe agus trádálaithe comhlíontacha a oibríonn ar bhonn intíre nó trasteorann. D'fhéadfadh sé sin cur isteach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.**
- (0b) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is éard atá sa mhargadh inmheánach spás gan teorainneacha inmheánacha ina n-áiritheofar saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí. Ba cheart don mhargadh inmheánach breislúach a sholáthar do thomhaltóirí i bhfoirm cáilíocht níos fíorr, éagsúlacht níos mó, praghsanna réasúnta agus caighdeáin arda sábháilteachta d'earraí agus do sheirbhísí, rud ba cheart a chuirfeadh ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí chun cinn.**
- (0c) Foráiltear le hAirteagal 169(1) agus le pointe (a) d'Airteagal 169(2) CFAE go bhfuil an tAontas chun rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach trí bhearta arna nglacadh de bhun Airteagal 114 CFAE. Foráiltear le hAirteagal 38 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go ndéanfar ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithíú i mbeartais an Aontais.**

(1) [...]

(2) A bhuí le Treoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuireadh ar chumas eintiteas cáilithe caingne ionadaíocha a thabhairt arb é is aidhm dóibh go príomha sáruthe ar dhlí an Aontais Eorpaigh atá díobhálach do chomhleasanna tomhaltóirí a stopadh agus a thoirmeasc. Níor thug an Treoir sin aghaidh sách maith, áfach, ar na dúshláin a bhaineann le forfheidhmiú dhlí na dtomhaltóirí. Chun an díspreagadh maidir le cleachtais neamhdhleathacha a fheabhsú agus chun an díobháil do thomhaltóirí a laghdú **i margadh ina bhfuil an domhandú agus an digiteáil níos tábhachtaí ná riamh**, tá sé riachtanach an sásra le haghaidh cosaint comhleasanna tomhaltóirí a neartú **chun bearta sásaimh, mar aon le bearta urghaire, a chumhdach**. I bhfianaise na n-athruithe iomadúla **is gá**, [...], is iomchuí Treoir 2009/22/CE a ionadú.

**(2a) Maidir le caingean ionadaíoch, ní bhíonn na nósanna imeachta céanna ann ó cheann ceann an Aontais i gcás bearta urghaire agus bearta sásaimh araon agus tugtar leibhéal dhifriúla chosanta do thomhaltóirí. Tá Ballstáit ann freisin nach bhfuil aon nós imeachta maidir le comhshásamh ann faoi láthair. Laghdaítear, dá bharr sin, an mhuinín agus an cumas atá ag tomhaltóirí agus gnólachtaí oibriú sa mhargadh inmheánach, saobhtar an iomaíocht agus cuirtear bac ar fhorfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais sa réimse maidir le cosaint do thomhaltóirí.**

**(2b) Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, ní mór i ngach Ballstát nós imeachta amháin, ar a laghad, a bheith ann a fhreagraíonn don treoir seo maidir le caingean ionadaíoch i gcás bearta urghaire agus bearta sásaimh. De bhíthin caingne ionadaíocha éifeachtacha éifeachtúla a bheith ar fáil ó cheann ceann an Aontais, ba cheart go gcuirfí borradh faoi mhuinín tomhaltóirí, go gcumasófaí tomhaltóirí chun a gcearta a fheidhmiú, go rannchuideofaí le hiomaíocht níos cothroime agus go mbainfí amach cothrom na Féinne do thrádálaithe atá ag oibriú sa mhargadh inmheánach.**

**(2c) Is é is aidhm don treoir seo cur le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach trí chur ar chumas eintiteas cáilithe, a dhéanann ionadaíocht thar ceann comhleasanna tomhaltóirí, caingne ionadaíocha a thabhairt ar mhaithe le bearta urghaire agus bearta sásaimh araon in aghaidh trádálaithe a sháraíonn forálacha dhlí an Aontais. Ba cheart na heintitis cháilithe a bheith in ann a iarraidh go ndéanfaí sárú a stopadh nó a thoirmeasc agus go ndéanfaí sásamh a lorg, amhail cúiteamh, deisiú nó laghdú praghsanna de réir mar is iomchuí agus de réir atá ar fáil faoi dhlíthe an Aontais agus dlíthe náisiúnta.**

- (3) Ba cheart caingean ionadaíoch a bheith ina bealach éifeachtach agus éifeachtúil chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint. Ba cheart go gcuirfeadh an saghas caingne sin ar a gcumas eintiteas cáilithe gníomhú chun comhlíonadh forálacha ábhartha dhlí an Aontais a airithiú agus chun na constaicí a bhíonn ar thomhaltóirí le linn caingne aonair a shárú, amhail éiginnteacht maidir lena gcearta agus na sásraí nós imeachta atá ar fáil, leisce shíceolaíoch caingean a thabhairt agus an chothromaíocht dhiúltach idir na costais agus na tairbhí ionchasacha a bhainfeadh le caingean aonair.
- (4) Tá sé tábhachtach an chothromaíocht riachtanach idir rochtain ar cheartas agus coimircí nós imeachta in aghaidh dlíthíocht mhí-úsáideach a airithiú, ar rud é a d'fhéadfadh bac míchuí a chur ar chumas gnólachtaí feidhmiú sa [...] **mhargadh inmheánach**. Chun mí-úsáid caingne ionadaíocha a chosc, ba cheart eilimintí amhail damáistí pionósacha a sheachaint [...] agus ba cheart [...] rialacha a leagan síos maidir le gnéithe **áirithe** [...] nós imeachta, amhail eintitis cháilithe [...] a ainmniú **agus cistiú** na n-eintiteas sin. [...]
- (4a) Níor cheart an Treoir seo a chur in ionad sásraí náisiúnta nós imeachta atá ann cheana arb é is aidhm dóibh comhleasanna tomhaltóirí nó leasanna tomhaltóirí aonair a chosaint. Ag cur a dtraidisiúin dlí san áireamh, is [...] faoi dhiscréid na mBallstát atá sé an chaingean ionadaíoch a leagtar amach sa Treoir seo a dhearadh mar chuid de shásra comh-urghaire agus comhshásaimh atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo nó mar shásra ar leithligh, sa mhéid go gcloíonn sásra náisiúnta nós imeachta amháin ar a laghad, i bhfoirm caingean ionadaíoch, leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sa Treoir seo. Mar shampla, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit leis an Treoir seo reachtaíocht a achtú maidir le caingne a bhaineann le cinneadh dearbhaiteach cé nach ndéantar foráil leis an Treoir seo maidir le rialacha i dtaca le caingne den sórt sin. Má tá sásraí ann ar an leibhéal náisiúnta sa bhreis ar an sásra a cheanglaítear leis an Treoir seo, d'fhéadfadh an t-eintiteas cáilithe rogha a dhéanamh cé acu sásra ba cheart a úsáid.**

**(4b) I gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de, níor cheart forálacha a bheith sa Treoir seo maidir le gach gné d'imeachtaí i gcaingne ionadaíocha. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé rialacha a leagan síos, mar shampla, maidir le hinghlacthacht, le fianaise nó le modhanna achomhairc atá infheidhme maidir le caingne ionadaíocha. Mar shampla, ba cheart gur faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le méid na cosúlachta idir éilimh aonair is gá nó maidir leis an líon iosta tomhaltóirí lena mbaineann caingean ar shásamh chun go dtabharfaí éisteacht do chás mar chaingean ionadaíoch. Níor cheart go gcuirfeadh rialacha náisiúnta den sórt sin isteach ar fheidhmiú éifeachtach na gcaingne ionadaíocha de réir mar a leagtar amach sa Treoir seo.**

(5) [...]

(6) Ba cheart **go léireodh raon feidhme** na Treorach seo **an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le cosaint do thomhaltóirí**. Ós rud é go bhfuil na tomhaltóirí ag feidhmiúanois i margadh atá níos leithne agus ina bhfuil an digiteáil níos tábhachtaí ná riamh, is gá réimsí éagsúla amhail [...] cosaint sonraí, seirbhísí airgeadais, taistéal agus turasóireacht, fuinneamh [...] **agus** teileachumarsáid [...] a chumhdach faoin Treoir seo, sa bhereis ar dhlí ginearálta na dtomhaltóirí, **chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach**. [...] **Go sonrach, ó tharla go bhfuil méadú mór tagtha ar éileamh na dtomhaltóirí ar sheirbhísí airgeadais agus infheistíochta, is den tábhacht dlí na dtomhaltóirí a fheabhsú sna réimsí seo. Anuas air sin, i réimse na seirbhísí digiteacha, tá athrú tagtha ar mhargadh na dtomhaltóirí agus méadú tagtha ar an ngá atá ann dlí na dtomhaltóirí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla, lena n-áirítear cosaint sonraí.**

- (6a) **Ba cheart sáruithe ar fhórálacha dhlí an Aontais, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, a chumhdach faoin Treoir seo, sa mhéid go gcosnaíonn na forálacha sin leasanna na dtomholtóirí, gan beann ar cibé acu an dtagraítear dóibh mar thomholtóirí nó mar thaistealaithe, úsáideoirí, custaiméirí, infheisteoirí miondíola, claint miondíola, ábhair sonraí nó ábhair eile. Mar sin fén, ba cheart don Treoir cosaint a dhéanamh ar leasanna daoine nádúrtha más rud é go bhféadfadh na sáruithe sin díobháil a dhéanamh dóibh nó má rinne na sáruithe sin díobháil dóibh sa chás agus go gcáilíonn siad mar thomholtóirí i gcomhréir leis an Treoir seo, agus sa chás sin amháin. Níor cheart sáruithe a dhéanann díobháil do dhaoine nádúrtha a chailíonn mar thrádálaithe a chumhdach.**
- (6b) **Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus, dá bhrí sin, níor cheart don Treoir na sainmhínithe a thugtar ann a athrú ná a leathnú, nó a chur in ionad aon sásraí forfheidhmithe a d'fhéadfadh a bheith sna gníomhartha dlí sin. Mar shampla, d'fhéadfaí na sásraí forfheidhmithe dá bhforáiltear le, nó bunaithe ar, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonrai) a úsáid fós, i gcás inarb infheidhme, chun comhleasanna tomholtóirí a chosaint.**
- (6c) **Ar mhaithe le soiléire, ba cheart raon feidhme na Treorach seo a leagan amach chomh beacht agus is féidir in Iarscríbhinn I. Má tá sna gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I forálacha nach mbaineann le cosaint tomholtóirí, ba cheart tagairt a dhéanamh do na forálacha sonracha lena gcosnaítear leasanna tomholtóirí. Ní féidir i gcónaí, áfach, na tagairtí sin a dhéanamh nó ní bhíonn siad i gcónaí indéanta mar gheall ar struchtúr gníomhartha áirithe dlí, go háirithe i réimse na seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí infheistíochta.**
- (6d) **Chun freagairt leordhóthanach ar shárú ar dhlí an Aontais a áirithiú, dlí a bhfuil a fhoirm agus a scála ag athrú go tapa, ba cheart a mheas, gach uair a ghlactar gníomh nua de chuid an Aontais atá ábhartha do chosaint comhleasanna tomholtóirí, an gá Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a leasú chun an gníomh nua a áireamh faoi raon feidhme na Treorach seo.**
- (6e) **Ba cheart do na Ballstáit a bheith inniúil i gcónaí, i gcomhréir le dlí an Aontais, forálacha na Treorach seo a chur i bhfeidhm maidir le réimsí nach dtagann faoina raon feidhme. Féadfaidh na Ballstáit, mar shampla, reachtaíocht náisiúnta a choimeád nó a thabhairt isteach a chomhfhreagraíonn d'fhórálacha na Treorach seo, nó d'fhórálacha áirithe dá cuid, i ndáil le díospoidí a thagann lasmuigh de raon feidhme Iarscríbhinn I.**

(7) Tá glactha ag an gCoimisiún tograí reachtacha le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún lena leasaítéar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítéar rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina geuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina geuirfear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróra i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer agus le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh go ndéanfadh an Coimisiún a mheas, bliain amháin i ndiaidh theacht i bhfeidhm na Treorach seo, an bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta á sholáthar ag rialacha an Aontais i réimse chearta na bpaisinéirí aeir agus iarnróid, atá inchomparáide leis an leibhéal cosanta dá bhforáiltear sa Treoir seo, agus go dtiocfad sé ar aon chonclúidí is gá maidir le raon feidhme na Treorach seo.

**(7a) Ó tharla go bhféadfadh nósanna imeachta breithiúnacha agus riarcháin freastal go héifeachtach éifeachtúil ar chosaint comhleasanna tomholtóirí, is faoi dhiscréid na mBallstát atá sé a chinneadh an féidir an chaingeann ionadaíoch a thabhairt inimeachtaí breithiúnacha nó riarcháin, nó an dá cheann, ag brath ar réimse ábhartha an dlí nó ar an earnáil eacnamaíoch ábhartha. Beidh sé sin gan dochar don cheart chun leigheas éifeachtach a fháil faoi Airteagal 47 den Chait um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, trína n-áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an ceart ag tomholtóirí agus ag gnólachtaí chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirte nó binse, in aghaidh aon chinneadh riarcháin a dhéanfar de bhun forálacha náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme. Áirítear air sin an deis do na páirtithe cinneadh a fháil lena ndeonaítear forfheidhmiú an chinnidh faoi dhíospóid a chur ar fionraí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.**

(8) Ag cur le Treoir 2009/22/CE, ba cheart sáruithe intíre agus trasteorann a chumhdach leis an Treoir seo, go háirithe nuair atá na tomholtóirí [...] a ndéanann sárú **difear dóibh** ina gcónaí i mBallstát amháin nó níos mó nach é an Ballstát é ina bhfuil an trádálaí a rinne an sárú bunaithe. Ina theannta sin, ba cheart sáruithe a chumhdach léi ar tháinig deireadh leo sular cuireadh túis nó críoch leis an gcaingeann ionadaíoch, ó tharla go bhféadfadh sé a bheith fós riachtanach cosc a chur leis an gcleachtas a theacht chun cinn an athuair **trí thoirmeasc a chur ar an gcleachtas sin, chun** a bhunú gur sárú a bhí i gcleachtas áirithe agus **chun** sásamh tomholtóirí a éascú.

(9) Níor cheart, leis an Treoir seo, **difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm** an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh **i dtaca le** dlínse, aithint agus forfheidhmiú breithiúnas nó an dlí is infheidhme ná níor cheart rialacha [...] a bhunú i dtaca leis an dlí sin. Tá feidhm ag na hionstraimí atá ann cheana i ndlí an Aontais maidir leis na caingne ionadaíocha a leagtar amach leis an Treoir seo.

**Tá feidhm, go háirithe, ag Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (An Bhruiséil Ia), Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) agus Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II) maidir leis na caingne ionadaíocha a leagtar amach leis an Treoir seo.**

**(9-a) Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuimsítear leis an rialachán dá ngairtear An Bhruiséil Ia inniúlacht údarás riacháin ná aithint nó forfheidhmiú cinntí ag na húdaráis sin. Ba cheart na ceisteanna sin a fhágáil faoin dlí náisiúnta.**

**(9a) De réir mar a bheidh, d'fhéadfadh eintiteas cálithe, i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach, caingean ionadaíoch a thabhairt sa Bhallstát inar ainmníodh é agus i mBallstát eile. Ag cur le Treoir 2009/22/CE, ba cheart idirdhealú a dhéanamh leis an Treoir seo idir an dá chineál caingne ionadaíche sin. Nuair a thugann eintiteas cálithe caingean ionadaíoch i mBallstát eile nach é an Ballstát é inar ainmníodh é, ba cheart a mheas gur caingean trasteorann í an chaingean sin. Nuair a thugann eintiteas cálithe caingean ionadaíoch sa Bhallstát inar ainmníodh é, ba cheart a mheas gur caingean ionadaíoch intíre í fiú má thugtar an chaingean sin in aghaidh trádálaí a bhfuil sainchónaí air i mBallstát eile nó fiú má tá ionadaíocht ag tomholtóirí ó roinnt Ballstát faoi chuimsiú na caingne sin. Chun an cineál caingne ionadaíche a chinneadh, is den ríthábhacht an Ballstát ina dtabharfar an chaingean a chur san áireamh. Ar an gcúis sin, ní féidir caingean trasteorann a dhéanamh as caingean ionadaíoch intíre le linn imeachtaí, nó a mhalaírt.**

**(9b) Ba cheart d'eagraíochtaí tomholtóirí, go sonrach, ról gníomhach a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíontar forálacha ábhartha dhlí an Aontais agus go bhfuil ar a gcumas cur isteach ar stádas an eintitis cháilithe i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. De réir an nós imeachta dlíthiúil náisiúnta, d'fhéadfadh comhlachtaí poiblí ról gníomhach a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíontar forálacha ábhartha dhlí an Aontais trí na caingne ionadaíocha, a leagtar amach sa Treoir seo, a thabhairt.**

(10) [...] **Chun críche caingne ionadaíocha trasteorann**, [...] ba cheart d'eintitis cháilithe na critéir **chéanna** [...] a chomhlíonadh [...] **ar fud an Aontais**. Go háirithe, ní mór gur **daoine dlítheanacha** iad atá bunaithe go cuí de réir dlí Ballstáit, **a bhfuil leibhéal áirithe buaine agus gníomhaíocht phoiblí ag baint leo**, [...] [...] **a bhfuil féith an neamhbhrabusaí iontu**, agus a bhfuil leas dlisteanach, **i bhfianaise a gcuspóir reachtúil**, acu maidir le **leas na dtomholtóirí a chosaint amhail mar a fhoráiltear** [...] faoi dhlí ábhartha an Aontais. [...] **Chun na tomholtóirí a chosaint, ba cheart na cáilíochtaí áirithe riachtanacha a bheith ag na heintitis cháilithe sin chun cinntí a dhéanamh a bhaineann le caingne ionadaíocha thar ceann na dtomholtóirí.** **Ba cheart an t-eolas agus na scileanna a bheith acu i réimse a ngníomhaíochta, lena n-áirítear tuiscint ar an dlí sa mhéid agus go bhfuil ar a gcumas – as a stuaim féin – cinntí eolasacha a dhéanamh cibé acu an bhfuil caingean ionadaíoch le tabhairt nó nach bhfuil.** **Ba cheart é sin a bheith gan dochar dá gceart dul i muinín comhairleoirí dlí, amhail dlíodóirí.** **Chun neamhspleáchas na n-eintiteas cáilithe a ráthú, ba cheart iad a bheith fónta agus cobhsaí ó thaobh airgeadais de, ag cur san áireamh, mar shampla, aon ioncam nó sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith ag na heintitis.** Anuas air sin, **ba cheart dóibh a bheith iomlán trédhearcach maidir le foinse a gcistithe agus ba cheart dóibh foráil a dhéanamh do na nósanna imeachta ábhartha chun cosc a chur ar thionchair dhíobhálacha ar chomhleasanna na dtomholtóirí a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu.** Go sonrach, seachas a gcomhairleoirí dlí agus na tomholtóirí lena mbaineann, níor cheart d'aon triú páirtí tionchar a imirt ar eintitis cháilithe maidir lena gcuid cinntí nós imeachta a ghlacadh i gcomhthéacs na caingne ionadaíche, lena n-áirítear maidir le socraíochtaí. Níor cheart d'aon triú páirtí den sórt sin maoiniú a chur ar fáil do chaingean ionadaíoch ar shásamh in aghaidh cosantóir ar iomaitheoir de chuid sholáthraí an chistithe é, nó in aghaidh cosantóir a bhfuil soláthraí an chistithe spleách air. Mar sin féin, ní mór an méid sin a bheith gan dochar d'aon chistiú poiblí.

**(10a) Maidir le heintitis cháilithe atá ainmnithe chun críche caingne ionadaíocha intíre, níor cheart srian a bheith ar na Ballstáit na critéir a bhunú le haghaidh na n-eintiteas sin i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na critéir a leagtar amach sa Treoir seo maidir le heintitis cháilithe atá ainmnithe chun críche caingne trasteorann a chur i bhfeidhm freisin i ndáil le heintitis cháilithe atá ag gníomhú chun críche caingne intíre amháin.**

**(10b) Le haon chritéir a chuirfear i bhfeidhm maidir le heintitis cháilithe i gcaingne ionadaíocha trasteorann nó caingne ionadaíocha intíre, níor cheart bac a chur ar fheidhmiú éifeachtach na gcaingne ionadaíocha mar a leagtar amach sa Treoir seo iad.**

**(10c) D'fhéadfadh na Ballstáit rialacha a leagan amach chun teorainn a chur leis an gceart atá ag eintiteas cáilithe caingeann ionadaíoch trasteorann a thabhairt i réimse gníomhaíochta an eintitis sin. D'fhéadfadh na rialacha foráil a dhéanamh, mar shampla, nach bhféadfadh na heintitis cháilithe a chosnaíonn leasanna na dtomhaltóirí i réimse na sábháilteachta bia nó cearta paisinéirí ach caingne ionadaíocha trasteorann a bhaineann leis na cuspóirí sin amháin a thabhairt.**

(11) [...]

**(11a) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na heintitis cháilithe a ainmniú roimh ré. Chun críche caingne ionadaíocha intíre, áfach, d'fhéadfadh na Ballstáit, anuas air sin nó de rogha air sin, eintitis cháilithe a ainmniú ar bhonn *ad hoc* do chaingeann shonrach. D'fhéadfadh an chuírt nó an t-údarás riaracháin ar tugadh imeacht os a comhair nó os a chomhair, ainmniúchán den sórt sin a dhéanamh, lena n-áirítear trí ghlacadh leis, i gcás inarb infheidhme. Mar sin féin, ní mór coimircí comhchoiteanna a bheith ann chun críche caingne ionadaíocha trasteorann. Dá bhrí sin, níor cheart cead a bheith ag na heintitis cháilithe a ainmnítear ar bhonn *ad hoc* caingne ionadaíocha trasteorann a thabhairt.**

**(11b) Is ceart gur faoin mBallstát ainmniúcháin atá sé a bheith in ann a áirithíú go gcomhlíonann an t-eintiteas cáilithe a ainmníodh chun críche caingne ionadaíocha trasteorann a thabhairt, go gcomhlíonann an t-eintiteas sin na critéir, a mheasúnú cibé acu an bhfuil an t-eintiteas ag comhlíonadh na gcritéar go fóill nó nach bhfuil agus, más gá, ainmniúchán an eintitis cháilithe a chúlghairm. Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh, ar a laghad, gach cúig bliana, féachaint an bhfuil na critéir á gcomhlíonadh ag na heintitis cháilithe.**

**(11c) Más amhlaidh gur ann d'údar imní maidir le comhlíonadh na gcritéar ag an eintiteas cáilithe, ba cheart don Bhallstát sin a d'ainmnigh an t-eintiteas an t-údar imní a fhiosrú agus, i gcás inarb iomchuí, an t-ainmniúchán a chúlghairm. Ba cheart do na Ballstáit pointí teagmhála náisiúnta a ainmniú chun críche iarrataí ar imscrúduithe a tharchur agus a fháil.**

**(11d) Ba cheart do na Ballstáit a áirithíú gur féidir le heintitis cháilithe atá ainmnithe chun críche caingne ionadaíocha trasteorann i mBallstát eile caingne ionadaíocha mar sin a thabhairt os comhair a gcúirteanna nó a n-údarás riacháin. Thairis sin, ba cheart eintitis cháilithe ó Bhallstáit dhifriúla a bheith in ann dul i gcomhar le chéile in aon chaingean ionadaíoch amháin os comhair fóraim amháin, faoi réir na rialacha ábhartha maidir leis an dlínse is inniúil. Ba cheart an méid sin a bheith gan dochar do cheart na cúirte nó an údaráis riacháin atá i mbun scrúdúcháin féachaint cibé acu an bhfuil an chaingean oiriúnach le héisteacht mar chaingean ionadaíoch aonair nó nach bhfuil.**

**(11e) Ba cheart an t-aitheantas frithpháirteach a thugtar d'inniúlacht dhlíthiúil na n-eintiteas cáilithe atá ainmnithe chun críche caingne ionadaíocha trasteorann a áirithiú. Ba cheart céannacht na n-eagraíochtaí sin agus na gcomhlachtaí poiblí sin a chur in iúl don Choimisiún agus ba cheart don Choimisiún an liosta sin a chur ar fáil don phobal. Dá gcuirfí eagraíocht nó comhlacht poiblí ar an liosta, ba cheart sin a bheith ina chruthúnas ar inniúlacht dhlíthiúil na heagraíochta nó an chomhlachta phoiblí ag a mbeidh an chaingean á tabhairt. Ba cheart sin a bheith gan dochar don cheart chun scrúdú a dhéanamh féachaint an dtugann cuspóir an eintitis cháilithe bonn cirt leis an gcaingean i gcás sonrach.**

**(11ea) Chun nach mbeidh coinbhleachtaí leasa ann, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rialacha a leagan amach ar dá réir a d'fhéadfadh a gcúirteanna nó a n-údaráis riaracháin scrúdú a dhéanamh féachaint an bhfuil eintiteas cáilithe a bhfuil caingean ionadaíoch trasteorann ar shásamh á tabhairt aici á mhaoiniú ag tríu páirtí a bhfuil leas eacnamaíoch aige nó aici i dtoradh na caingne sin agus, más rud é go bhfuil, inniúlacht dhlíthiúil an eintitis cháilithe a dhiúltú chun críche na caingne sin.**

**(11f) Agus caingean ionadaíoch trasteorann á tabhairt, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an eintiteas cáilithe deimhniú a thabhairt don chuírt nó don údarás riaracháin atá i mbun maoirseachta ar an gcaingean go gcomhlíonann an t-eintiteas na critéir go fóill. Mar sin féin, ba cheart don chuírt nó don údarás riaracháin scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíontar na critéir má thagann sí/sé ar aon eolas ina bhfuil údar dea-bhunaithe imní uirthi/air ina leith sin.**

**(11g) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh i gcás nach slán don fhaisnéis a thugann an t-eintiteas maidir le comhlíonadh na gcritéar. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin, mar shampla, smachtbhannaí, díbhe na caingne nó bearta eile nós imeachta. Mar sin féin, níor cheart do dhíbhe na caingne difear a dhéanamh do chearta na dtomholtóirí a mbaineann an chaingean leo.**

**(11h) Ba cheart do na cúirteanna nó do na húdaráis riaracháin a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht caingne ionadaíche trasteorann sonraí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. I gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, níor cheart difríocht a bheith idir na ceanglais inghlacthachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le caingne ionadaíocha trasteorann sonracha agus na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm maidir le caingne ionadaíocha intíre sonracha.**

(12) [...]

**(12a) Is é is aidhm do bhearta urghaire comhleasanna tomhaltóirí a chosaint go neamhspleách ar aon chaillteanas nó damáiste iarbhír a bhain do thomhaltóirí aonair. D'fhéadfadh sé go n-éileodh bearta urghaire ar thrádálaithe gníomhaíocht shonrach a dhéanamh, amhail an fhaisnéis a fágadh ar lár roimhe sin de shárú ar oibleagáidí dlíthiúla a sholáthar do thomhaltóirí. Níor cheart cinneadh maidir le beart urghaire a bheith ag brath ar an gcleachtas a bheith in úsáid d'aon ghnó nó le faillí.**

**(12b) Agus caingean ionadaíoch á tabhairt, ba cheart don eintiteas cáilithe faisnéis**

leordhóthanach a sholáthar don chuírt nó don údarás riarcháin faoi na tomhaltóirí lena mbaineann an chaingean. A bhuí leis an bhfaisnéis, ba cheart don chuírt nó don údarás riarcháin dlínse na cúirte nó dlínse an údaráis riarcháin agus an dlí is infheidhme a shuí. I gcás a bhaineann le tort, ba ghá cúirt nó údarás riarcháin na háite inar tharla an teagmhas díobhálach a rinne difear do na tomhaltóirí, nó ina bhféadfadh an teagmhas díobhálach sin tarlú, a chur ar an eolas faoin méid sin. D'fhéadfadh na mionsonraí a bhaineann leis an bhfaisnéis a éilítear a bheith éagsúil, ag brath ar an mbeart atá á lorg ag an eintiteas cáilithe agus an bhfuil sásra um rogha a bheith páirteach nó sásra um rogha gan a bheith páirteach á chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, le linn caingean ionadaíoch ar bhearta urghaire a thabhairt, toisc go bhféadfaí na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le hélimh ar shásamh ina dhiaidh sin a chur ar fionraí nó a bhriseadh, bheadh ar an eintiteas cáilithe faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil maidir leis an ngrúpa tomhaltóirí lena mbaineann an chaingean.

- (13) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil eintitis cháilithe in ann bearta urghaire agus bearta sásaimh a lorg. [...] Agus éifeachtacht nós imeachta na gcaingne ionadaíocha mar chuspóir, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh go bhfuil an deis ann d'eintitis cháilithe [...] bearta urghaire agus bearta sásaimh a lorg [...] laistigh d'aon chaingean ionadaíoch amháin nó laistigh de chaingne ionadaíocha éagsúla. [...] . Má lorgaítear a leithéid laistigh de chaingean aonair, ba cheart d'eintitis cháilithe a bheith in ann gach beart ábhartha a lorg tráth a thugtar an chaingean nó ba cheart bearta [...] urghaire ábhartha a lorg ar dtús agus ina dhiaidh sin bearta [...] sásaimh, más iomchuí.

**(13a) Ba cheart don eintiteas cáilithe a bhfuil an chaingean ionadaíoch á tabhairt aige faoin Treoir seo na beart ábhartha a lorg, lena n-áirítear bearta sásaimh, ar mhaithe leis na tomhaltóirí a ndearna an sárú difear dóibh. Ba cheart na cearta agus oibleagáidí nós imeachta a bhíonn ag an bpáirtí is éilitheoir a bheith ag an eintiteas cáilithe sna himeachtaí sin. D'fhéadfadh na Ballstáit cearta áirithe sa chaingean ionadaíoch a thabhairt do na tomhaltóirí aonair sin a mbaineann an chaingean leo. Mar sin féin, níor cheart do thomhaltóirí aonair a bheith in ann cur isteach ar chinntí nós imeachta an eintitis chálithe, ar bhonn aonair, fianaise a iarraidh mar chuid de na himeachtaí ná achomharc a dhéanamh, ar bhonn aonair, maidir le cinntí nós imeachta na cúirte nó an údaráis riaracháin atá i mbun maoirseachta ar an gcaingean ionadaíoch. Anuas air sin, níor cheart ach oiread go mbeadh oibleagáidí nós imeachta ar thomhaltóirí aonair laistigh den chaingean ionadaíoch.**

**(13b) Mar sin féin, ba cheart go mbeadh na tomhaltóirí lena mbaineann i dteideal tairbhe a bhaint as an gcaingean ionadaíoch. Maidir le caingne ionadaíocha ar bhearta sásaimh, is i bhfoirm leigheasanna, amhail cúiteamh, deisiú, athsholáthar, laghdú praghsanna, foirceannadh conartha nó aisíocaíocht an phraghais a íocadh a thiocfadh na tairbhí sin. Maidir leis na caingne ionadaíocha ar bhearta urghaire is scor nó toirmeasc a chur ar chleachtais arb ionann é agus sárú na tairbhe a bheadh i gceist.**

**(13c) Níor cheart go ndéanfadh an Treoir seo difear do rialacha náisiúnta maidir le gnóthú costas nós imeachta ná an prionsabal "go n-íocann an cailliúnaí". Níor cheart do na tomhaltóirí aonair a mbaineann an chaingean leo costais na n-imeachtaí, na costais sin a bhíonn ar an eintiteas cálithe nó ar an trádálaí, a iompar. Is ar chuínsí eisceachtúla amháin a dhéanfar eisceachtaí ar an riail seo, dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, amhail sa chás gur chuir an tomhaltóir costais dhlíthiúla neamhriachtanacha i gerích d'aon ghnó nó trí fhaillí, mar shampla, fad a chur leis na himeachtaí le hiompar neamhdhleathach, nó mura mbeidh bonn cirt eisceachtúil ann. Ba cheart a áireamh i gcostais na n-imeachtaí, mar shampla, aon chostais a eascraíonn as dlíodóir nó gairmí eile dlí ionadaíocht a dhéanamh do cheachtar den dá pháirtí, nó as aon chostais a eascraíonn as doiciméid a sheirbheáil nó a aistriú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rialacha a leagan amach lena gceadófar do na heintitis chálithe táillí beaga iontrála nó muirir rannpháirtíochta den chineál céanna a ghearradh ar na tomhaltóirí sin a chur in iúl go sainráite gur toil leo go ndéanfadh an t-eintiteas cálithe ionadaíocht orthu sa chaingean ionadaíoch áirithe ar bhearta sásaimh.**

(14) [...]

**(14a) Ba cheart bearta cinntitheacha agus sealadacha a áireamh i mbearta urghaire. Leis na bearta sealadacha, d'fhéadfaí bearta eatramhacha, réamhchúraim agus coisctheacha a chumhdach chun cleachtas leanúnach a stopadh nó cleachtas a thoirmeasc sa chás nach bhfuil an cleachtas in úsáid ach go bhfuil an baol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach nó do-aisiompaithe do thomholtóirí. D'fhéadfaí a áireamh i mbearta urghaire freisin bearta lena suitear gurb ionann cleachtas ar leith agus sárú ar an dlí, i gcásanna ina bhfuil deireadh tagtha leis an gcleachtas sin sular tugadh na caingne ionadaíocha, nuair a bheidh gá ann fós lena shuí gur sárú dlí a bhí i gcleachtas den sórt sin, chun cuir i gcás, caingne leantacha ar bhearta sásaimh a éascú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh na bearta oibleagáid a fhorchur ar thrádálaí déanta an tsáraithe an cinneadh faoin mbeart a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach, i riocht a mheastar a bheith leordhóthanach, nó ráiteas ceartaitheach a fhoilsiú.**

**(14b) Ag cur le Treoir 2009/22/CE, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a éileamh go rachadh an páirtí a bhfuil sé beartaithe aige caingean a thabhairt i leith urghaire i mbun comhairliúchán roimh ré, d'fhoinn deis a thabhairt don chosantóir clabhsúr a chur leis an sárú a bhfuil conspóid ann ina leith. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a iarraidh go rachfaí i mbun comhairliúchán roimh ré i geomhpháirt le comhlacht poiblí neamhspleách atá ainmnithe ag na Ballstáit sin. I gcás ina bhfuil nós imeachta ar leith leagtha síos ag na Ballstáit maidir le dul i mbun comhairliúcháin roimh ré, ba cheart spriocdháta coicise a shocrú tar éis an iarraidh ar chomhairliúchán a fháil agus, ina dhiaidh sin, más rud é nár cuireadh scor leis an sárú, ba cheart don iarratasóir a bheith i dteideal caingean a thabhairt, gan a thuilleadh moille, os comhair na cúirte inniúla nó an údaráis riarracháin. D'fhéadfaí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, na ceanglais sin a chur i bhfeidhm maidir le caingne ar bhearta sásaimh freisin.**

(15) [...]

**(15a) Déantar foráil sa Treoir seo maidir le sásra nós imeachta nach ndéanann difear do náriallacha lena mbunaítear cearta substainteacha tomhaltóirí do leigheasanna conarthacha agus neamhchonarthacha i gcásanna ina ndéanann sárú díobháil dáreasanna, cosúil leis an gceart chun cúitimh ar dhamáistí, foirceannadh conartha, aisíocaíocht, athsholáthar, deisiú nó praghsanna a laghdú mar is iomchuí agus de réir mar atá ar fáil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Leis an Treoir seo, níor cheart a bheith in ann damáistí pionósacha a fhorchur ar thrádálaí déanta an tsáraithe náróchúiteamh a dheonú do thomhaltóirí dá ndearnadh difear i ngeall ar shárú. Nífhéadfar caingean ionadaíoch lena lorgaítear sásamh faoin Treoir seo a thabhairt ach i gcás ina ndéanann dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta foráil maidir lena leithéidí de chearta substainteacha.**

**(15b) Ba cheart deiseanna leordhóthanacha a bheith ag na tomhaltóirí lena mbaineann an chaingean ionadaíoch ar shásamh, tar éis an chaingean sin a thabhairt, a chur in iúl gurtoil nó nach toil leo go ndéanfad an t-eintiteas cáilithe ionadaíocht orthu sa chaingean ionadaíoch shonrach sin agus gur toil nó nach toil leo tairbhe a bhaint as torthaí ábhartha na caingne ionadaíche sin. Chun freagairt ar an mbealach is fearr dá dtraidisiún dlíthiúil féin, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le sásra um rogha a bheith páirteach nó sásra um rogha gan a bheith páirteach nó meascán den dá cheann. Le sásra um rogha a bheith páirteach, ba cheart a cheangal ar thomhaltóirí a chur in iúl go sainráite gur toil leo go ndéanfad an t-eintiteas cáilithe ionadaíocht orthu sa chaingean ar shásamh. Le sásra um rogha gan a bheith páirteach, ba cheart a cheangal ar thomhaltóirí a chur in iúl go sainráite gur toil leo nach ndéanfad an t-eintiteas cáilithe ionadaíoch orthu sa chaingean ionadaíoch ar shásamh. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann céim na caingne ionadaíche ag a bhféadfadh na tomhaltóirí aonair a gceart páirt a ghlacadh sna himeachtaí nó gan páirt a ghlacadh iontu a chinneadh.**

**(15ba) Ballstáit a bhfuil foráil á déanamh acu do shásra um rogha a bheith páirteach, ba cheart dóibh a bheith in ann a cheangal go roghnódh cuid de na tomhaltóirí a bheith páirteach sa bheart sásaimh sula dtugtar an chaingean ach an deis a bheith ag tomhaltóirí eile roghnú a bheith páirteach freisin agus an chaingean tugtha.**

**(15c) Mar sin féin, chun dea-riarachán an cheartais a áirithiú agus chun breithiúnais ar neamhréir a sheachaint, ba cheart ceanglas a bheith ann maidir le sásra um rogha a bheith páirteach i gcás caingean ionadaíoch ar shásamh nuair nach mbíonn gnáthchónaí ar na tomhaltóirí dá ndéanann an sárú difear i mBallstáit na cúirte nó an údaráis riaracháin a dtugtar an chaingean ionadaíoch os a comhair nó os a chomhair. I gcás mar sin, ba cheart a cheangal ar thomhaltóirí a chur in iúl go sainráite gur toil leo go ndéanfaí ionadaíocht orthu sa chaingean ionadaíoch sin chun go mbeidh siad faoi cheangal ag toradh na caingne.**

**(15d) Nuair a léiríonn tomhaltóirí go sainráite nó go hintuigthe go bhfuil siad toilteanach go ndéanfadh eintiteas cáilithe ionadaíocht thar a cheann i gcaingean ionadaíoch ar shásamh, cibé acu laistigh de shásra um rogha a bheith páirteach nó sásra um rogha gan a bheith páirteach a thugtar an chaingean sin, níor cheart a bheith in ann ionadaíocht a dhéanamh orthu a thuilleadh i gcaingne ionadaíocha eile ná caingne aonair a thabhairt leis an gcúis chéanna chaingne agus in aghaidh an trádálaí chéanna. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an méid sin má roghnaíonn tomhaltóir, tar éis dó nó di a chur in iúl go sainráite gur toil leis nó léi go ndéanfaí ionadaíocht air nó uirthi i gcaingean ionadaíoch ar shásamh, gan a bheith páirteach sa chaingean sin ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, cuir i gcás, má dhiúltáíonn tomhaltóir ina dhiaidh sin a bheith faoi cheangal ag socraíocht.**

**(15e) Ar mhaithe le luas agus éifeachtúlacht, d'fhéadfadh na Ballstáit freisin, i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta féin, an deis a thabhairt do thomhaltóirí tairbhe dhíreach a bhaint as beart sásaimh i ndiaidh eisiúint an bhirt gan aon cheanglais eile maidir le rannpháirtíocht sa chaingean roimh ré.**

**(15f) Ba cheart do Bhallstáit rialacha a leagan síos don chomhordú idir na caingne ionadaíocha, na caingne aonair a thionscnaíonn tomhaltóirí aonair agus aon chaingne eile atá dírithe ar leasanna aonair agus ar chomhleasanna tomhaltóirí a chosaint mar a fhoráltear faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta. Ba cheart bearta urghaire a eisítear faoin Treoir seo a bheith gan dochar do chaingne sásaimh aonair arna dtabhairt ag tomhaltóirí a ndearnadh síobháil dóibh de dheasca an chleachtais atá faoi réir na mbeart urghaire.**

(16) [...]

(17) [...]

(18) **Ba cheart** do [...] na Ballstáit ceangal a chur ar eintitis chálithe faisnéis leordhóthanach a sholáthar chun tacú le caingean ionadaíoch ar shásamh, lena n-áirítear tuairisc ar an ngrúpa tomhaltóirí [...] a ndéanann an sárú **difear** dóibh agus na ceisteanna fiorais agus dlí atá le réiteach sa chaingean ionadaíoch. Níor cheart ceangal a bheith ar an eintiteas cálithe gach tomhaltóir ar leith a mbaineann an chaingean leo a shainaithe chun an chaingean **sin** a thionscnamh [...]. I gcaingne ionadaíocha ar shásamh, ba cheart don chuírt nó don údarás riarracháin a fhíorú ag an gcéim is luaithe is féidir de na himeachtaí an bhfuil cás oiriúnach lena thabhairt mar chaingean ionadaíoch, i bhfianaise chineál an tsáraithe agus shaintréithe na ndamáistí a bhain do **na** tomhaltóirí [...] **a ndearnadh difear** dóibh.

(19) [...]

**(19a) Leis an mbeart sásaimh, ba cheart na tomhaltóirí aonair a shainaithint nó ar a laghad cur síos a dhéanamh ar an ngrúpa tomhaltóirí atá i dteideal na leigheasanna a sholáthraítear leis an mbeart sin agus, más infheidhme, an modh cainníochtaithe, mar aon leis na céimeanna ábhartha atá le glacadh ag tomhaltóirí agus trádálaithe chun na leigheasanna sin a chur chun feidhme, a lua. Ba cheart do thomhaltóirí atá i dteideal leigheasanna a bheith in ann na leigheasanna sin a aisghabháil gan iallach a bheith orthu imeachtaí ar leithligh a thionscnamh. Mar shampla, tugann ceanglas maidir le himeachtaí ar leithligh le tuiscint go mbeadh oibleagáid ar an tomhaltóir caingean aonair a thabhairt os comhair cúirte nó údaráis riaracháin chun cainníochtú a dhéanamh ar dhíobháil. Os a choinne sin, chun sásamh aonair a fháil, d'fhéadfai a cheangal ar thomhaltóirí céimeanna áirithe a ghlacadh, amhail aghaidh a thabhairt ar eintiteas atá i gceannas ar fhorfheidhmiú an bhirt sásaimh.**

**(19b) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos nó a choinneáil ar bun maidir le teorainneacha ama, amhail tréimhsí teorann nó teorainneacha ama eile chun a gceart chun sásaimh a fheidhmiú, chun go mbainfidh tomhaltóirí aonair tairbhe as na bearta sásaimh. Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le ceann scriibe aon chistí sásaimh a fágadh gan ioc agus nár aisghabhadh laistigh de na teorainneacha ama a leagadh síos.**

(20) [...]

(21) [...]

(22) [...]

(23) [...]

(24) [...]

(25) [...]

- (26) Ba cheart comhshocraíochtaí [...] arb é is aidhm dóibh sásamh a sholáthar do thomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh a spreagadh [...] sa chaingean ionadaíoch ar lorg bearta sásaimh.
- (27) [...]
- (28) Ba cheart don chuírt agus don údarás riarcháin [...] a bheith in ann iaraidh ar an trádálaí [...] agus ar an eintiteas cálithe a thug an chaingean ionadaíoch ar shásamh dul i mbun idirbheartaíocht arb é is aidhm di teacht ar shocraíocht maidir leis an sásamh atá le soláthar do na tomhaltóirí lena mbaineann an chaingean. [...]
- (29) [...]

(30) Aon socraíocht [...] a dhéantar i gcomhthéacs caingean ionadaíoch ar shásamh [...], ba cheart í a bheith faofa ag an gcúirt ábhartha nó [...] ag an údarás riarcháin ábhartha [...] murar rud é nach féidir coinníollacha na socraíochta a fhorfheidhmiú nó má tá an tsocraíocht contrártha leis an dlí náisiúnta éigeantach, is infheidhme maidir le cúis na caingne, ar cúis í nach féidir, trí bhíthin conartha, imeacht uaithi gan díobháil a dhéanamh do thomholtóirí. Mar shampla, socraíocht a d'fhágfadh téarma conarthach gan athrú go sainráite agus a thabharfadhbh ceart eisiach don trádálaí aon téarma eile den chonradh sin a léirmhíniú, d'fhéadfadhbh sé sin a bheith in aghaidh an dlí náisiúnta éigeantaigh.

(30a) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rialacha a leagan síos lena gceadaítear don chuírt nó don údarás riarcháin diúltú socraíocht a fhormheas freisin i gcás ina measfaidh an chuírt nó an t-údarás riarcháin go bhfuil an tsocraíocht éagórach.

(30b) D'fhéadfadhbh na Ballstáit rialacha a leagan amach ar dá réir a thugtar an deis do na tomholtóirí aonair lena mbaineann glacadh lena bheith faoi cheangal ag socraíocht nó diúltú don tsocraíocht sin.

(31) Le go n-éireoidh le caingean ionadaíoch, ní mór a áirithíú go gcuirtear tomholtóirí ar an eolas fúithi. Ní mór do thomholtóirí [...] a bheith ar an eolas faoin [...] gcaingean [...] chun go mbeidh siad in ann a chur in iúl go sainráite nó go hintuigthe gur toil leo go ndéanfaí ionadaíocht orthu i gcaingean ionadaíoch ar shásamh. Ba cheart do na Ballstáit a chur ar a gcumas an méid sin a dhéanamh trí rialacha iomchuí a leagan amach maidir le faisnéis faoi chaingne a scaipeadh ar thomholtóirí. Ba cheart gur faoi na Ballstáit a bheadh sé a chinneadh cé a bheidh freagrach as scaipeadh na faisnéise. [...]

**(31a) Ba cheart do thomhaltóirí a bheith ar an eolas chomh maith faoi chinntí críochnaitheacha ina ndéantar foráil maidir le bearta urghaire, bearta sásaimh nó socraíochtaí formheasta, faoina gcearta nuair a shuitear gur tharla sárú, agus faoi aon chéimeanna nach mór do na tomhaltóirí lena mbaineann a ghlacadh ina dhiaidh sin, go háirithe chun sásamh a fháil. An riosca dá gclú a ghabhann le faisnéis faoi shárú a scaipeadh, tá sin tábhachtach freisin chun trádálaithe a dhíspreagadh ó chearta tomhaltóirí a shárú.**

(32) Le bheith éifeachtach, ba cheart an fhaisnéis a bheith leordhóthanach agus comhréireach le himthosca an cháis. [...] Féadfar faisnéis den sórt sin a sholáthar, mar shampla, ar shuíomh gréasáin an trádálaí, ar na meáin shóisialta, ar mhargaí ar líne, nó i nuachtáin mhóréilimh, lena n-áirítear iad sin a dháiltear ar mhodhanna leictreonacha cumarsáide amháin. Más féidir **agus más iomchuí**, ba cheart gach tomhaltóir ar leith a chur ar an eolas le litir leictreonach nó pháipéis. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas arna iarraidh sin.

**(32a) Ba cheart gurb ar an trádálaí a rinne an sárú a bheadh sé, ar chostas an trádálaí féin, na tomhaltóirí uile lena mbaineann a chur ar an eolas faoi bhearta críochnaitheacha urghaire agus faoi bhearta críochnaitheacha sásaimh. Ba cheart don trádálaí na tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi aon socraíocht a d'fhormheas cúirt nó údarás riaracháin freisin. D'fhéadfadh na Ballstáit rialacha a leagan síos a d'fhágfadh gur ar iaraidh ón eintiteas cáilithe a bhraithfeadh oibleagáid den chineál sin. Más rud é, de réir an dlí náisiúnta, go dtugann an chuírt nó an t-údarás riaracháin nó an t-eintiteas cáilithe faisnéis faoi chinntí críochnaitheacha agus faoi shocraíochtaí formheasta do na tomhaltóirí lena mbaineann an chaingean, níor cheart go mbeadh sé de cheangal ar an trádálaí an fhaisnéis sin a sholáthar an dara huair.**

(33) [...] Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfar cinneadh críochnaitheach ó chúirt nó ó údarás riarcháin de chuid aon Bhallstát a shuíonn go bhfuil sárú ann lena ndéantar diobháil do chomhleasanna tomhaltóirí a úsáid mar fhianaise gurb ann don sárú sin chun críoch aon chaingne eile lena lorgaítear sásamh os comhair a gcúirteanna náisiúnta nó a n-údarás riarcháin in aghaidh an trádálaí chéanna maidir leis an sárú céanna. I gcomhréir le neamhspleáchas na mbreithiúna agus saormheastóireacht ar fhianaise, níor cheart gur dochar an méid sin don dlí náisiúnta maidir le meastóireacht a dhéanamh ar fhianaise.

(34) [...]

(35) [...] **De ghnáth, cuirtear tréimhsí teorann ar fionraí nuair a thugtar an chaingean. Mar sin féin, ní gá go mbeadh an éifeacht sin ag caingne ar bhearta urghaire i gcás bearta sásaimh a dhéanfar ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh eascairt as an sárú céanna. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sé d'éifeacht ag caingean ionadaíoch atá ar feitheamh ar bheart urghaire tréimhsí teorann is infheidhme a fhionraí nó a bhriseadh i ndáil le tomhaltóirí a mbaineann an chaingean leo ionas nach gcuirfear cosc ar na tomhaltóirí sin, ina n-aonar nó trí eintiteas cáilithe i gcáil ionadaí, caingean sásaimh a thabhairt ina dhiaidh sin maidir leis an sárú líomhainte mar gheall ar dhul in éag na dtréimhsí teorann le linn na gcaingne ionadaíocha ar na bearta urghaire sin.**  
**Agus caingean ionadaíoch ar urghairí á tabhairt, ba cheart don eintiteas cáilithe an grúpa tomhaltoirí a ndéantar difear dá leasanna leis an sárú líomhainte a shainiú go leordhóthanach, chomh maith le tomhaltóirí a bhféadfadh éileamh a bheith acu mar thoradh ar an sárú sin agus a bhféadfadh dul in éag na dtréimhsí teorann difear a dhéanamh dóibh le linn na caingne ar urghairí. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a lua gur cheart go mbeadh sé d'éifeacht ag caingean ionadaíoch atá ar feitheamh ar bheart sásaimh tréimhsí teorainn is infheidhme a fhionraí nó a bhriseadh i ndáil le tomhaltóirí a mbaineann an chaingean sin leo.**

(35a) **Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is i gcás éilimh ar shásamh atá bunaithe ar sháruithe a rinneadh ar nó tar éis [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] amháin is ceart na tréimhsí teorann a fhorchuirtear i gcomhréir leis an Treoir seo a fhionraí nó a bhriseadh. Níor cheart cosc a chur, leis sin, ar fheidhmiú fhorálacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann a fhionraí nó a bhriseadh, ar tréimhsí iad a bhí infheidhme cheana roimh [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach] i gcás éilimh sásaimh arna mbunú ar sháruithe a tharla roimh an dáta sin.**

- (36) Ba cheart caitheamh le caingne ionadaíocha ar [...] **bhearta** urghaire le luas cuí nós imeachta. **Más rud é go bhfuil sárú fós ar siúl, d'fhéadfaí béim a leagan ar an ngá atá le luas.** Ba cheart caitheamh [...] le **caingne ar bhearta urghaire a bhfuil** éifeacht **shealadach** acu, **mar is iomchuí**, trí nós imeachta **achomair** [...] chun aon díobháil nó díobháil bhrefise a d'eascródh as an sárú a chosc.
- (37) Is eilimint thábhachtach í an fhianaise chun a shuí an bhfuil [...] **bunús le caingean ionadaíoch ar urghairí nó ar shásamh.** Ach is **minic**, áfach, gur saintréith den ghaol idir an gnólacht agus an tomholtóir í an éagothroime faisnéise, agus d'fhéadfadh sé gur i seilbh an trádálaí amháin a bheadh an [...] **fianaise** riachtanach, rud a d'fhágfad nach mbeadh rochtain ag an eintiteas cáilithe uirthi. Dá bhrí sin, ba cheart an ceart a [...] **bheith** ag eintitis cháilithe a iarraigdh ar an gcúirt inniúil nó ar an údarás riaracháin **ordú a thabhairt** don trádálaí fianaise atá ábhartha dá n-éileamh a noctadadh [...]. **Ar an taobh eile, agus aird á tabhairt ar phriónsabal chomhionannas na n-arm, ba cheart ceart den chineál céanna a bheith ag an trádálaí fianaise atá faoi rialú an eintitis cháilithe a iarraigdh.** Ba cheart don chúirt nó don údarás riaracháin atá i mbun maoirseachta ar an gcaingean ionadaíoch, **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nós imeachta**, measúnú cúramach a dhéanamh ar an ngá atá le noctadadh **fianaise** [...], agus ar a raon feidhme agus ar a chomhréireacht, ag féachaint do chosaint leasanna dlisteanacha tríu páirtithe agus faoi réir rialacha an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le rúndacht.

- (38) Chun éifeachtacht na gcaingne ionadaíocha a áirithiú, ba cheart pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha a ghearradh ar thrádálaithe a rinne sárú as [...] **mainneachtain nó diúltú beart urghaire a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfadh na pionóis sin a bheith ina bhfíneálacha, mar shampla, fíneálacha coinníollacha, iocaíochtaí tréimhsíúla nó iocaíochtaí pionósacha. Ba cheart pionóis a bheith ann freisin mar gheall ar mhainneachtain nó diúltú ordú a chomhlíonadh chun faisnéis a sholáthar do thomholtóirí lena mbaineann maidir le cinntí críochnaitheacha nó socraíochtaí nó nochtadh fianaise. Ba cheart a bheith in ann cineálacha eile pionóis, amhail bearta nós imeachta, a fheidhmiú freisin i gcás ina ndiúltófar ordú a chomhlíonadh a bhaineann le nochtadh fianaise.**
- (39) Ós rud é gur chun leas an phobail caingne ionadaíocha – toisc go ndéantar chomhleasanna tomholtóirí a chosaint leo – ba cheart do na Ballstáit **cúram a dhéanamh de nó díriú ar modhanna lena n-áiritheofar** [...] nach gcuirfear cosc ar eintitis cháilithe caingne ionadaíocha a thabhairt faoin Treoir seo [...] **de dheasca** na gcostas a bhaineann leis na nósanna imeachta. **D'fhéadfaí a áireamh ar na modhanna sin teorainn a chur leis na táillí cúnrite nó riaracháin is infheidhme, rochtain ar chúnamh dlíthiúil a thabhairt do na heintitis cháilithe i gcás inar gá nó cistiú poiblí a sholáthar dóibh chun caingne ionadaíocha a thabhairt chomh maith le modhanna eile tacaíochta. Níor cheart, áfach, a cheangal ar na Ballstáit caingne ionadaíocha a mhaoiniú.**
- (40) Chonacthas cheana go bhfuil an comhar agus an malartú faisnéise idir eintitis cháilithe ó Bhallstáit dhifriúla úsáideach, **go háirithe** chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe trasteorann. Ní mór leanúint de na bearta neartaithe acmhainní agus comhair, agus iad a leathnú chuig líon níos mó eintiteas cáilithe ar fud an Aontais chun úsáid caingne ionadaíocha a bhfuil impleachtaí trasteorann acu a mhéadú.

**(40a) Chun críoch na meastóireachta a dhéanfar ar an Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit sonraí a sholáthar don Choimisiún maidir le caingne ionadaíocha a thugtar faoin Treoir seo. Ba cheart fainnéis a sholáthar maidir le líon agus cineál na gcaingne ionadaíocha a chuir aon cheann dá gcúirteanna nó dá n-údaráis riarcháin críoch leo. Ba cheart fainnéis a sholáthar faoi thoradh na gcaingne ionadaíocha freisin, amhail cibé acu a bhí nó nach raibh siad inghlactha, cibé acu a d'éirigh nó nár éirigh leo, nó cibé acu a bhí nó nach raibh socraíocht fhormheasta mar thoradh orthu. Chun an t-ualach riarcháin a bhíonn ar na Ballstáit agus na hoibleagáidí sin á gcomhlíonadh acu a éascú, ba cheart, go háirithe i gcás bearta urghaire, gur leor an fhaistéis ghinearálta maidir le cineál na sáruithe agus maidir leis na páirtithe a sholáthar don Choimisiún. A mhéid a bhaineann le páirtithe, mar shampla, ba cheart gur leor an Coimisiún a chur ar an eolas faoi cé acu comhlacht poiblí nó eagraíocht tomholtóirí nó nach ea a bhí san eintiteas cáilithe, agus faoi réimse gnó an trádálaí, mar shampla, seirbhísí airgeadais. De rogha air sin, d'fhéadfadh na Ballstáit cóipeanna de na cinntí ábhartha nó socraíochtaí ábhartha a sholáthar don Choimisiún. Níor cheart fainnéis a thabhairt faoi chéannacht na dtomholtóirí a mbaineann na caingne ionadaíocha leo.**

(41) [...]

(42) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpach. Dá réir sin, ba cheart an Treoir seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus leis na prionsabail sin, lena n-áirítear na cearta agus na prionsabail a bhaineann leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, chomh maith leis an gceart chun cosanta.

- (43) I ndáil leis an dlí comhshaoil, cuirtear san áireamh sa Treoir seo Coinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ('Coinbhinsiún Aarhus').
- (44) Ní féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh féin amháin, cuspóirí na Treorach seo, mar atá [...] **a áirithiú go** ndéanfar sásra caingne ionadaíche **chun críche bearta urghaire agus bearta sásaimh araon a bhunú i ngach Ballstát**, do chosaint comhleasanna tomhaltóirí chun ardleibhéal cosanta tomhaltóirí ar fud an Aontais agus feidhmiú [...] an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr impleachtaí trasteorann na [...] **sáruithe**, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Féadfaidh an tAontas, dá bhrí sin, bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (45) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena míntear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhareagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.
- (46) Is iomchuí rialacha a sholáthar do chur i bhfeidhm na Treorach seo ó thaobh ama de.
- (47) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2009/22/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## Caibidil 1

### Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

*Airteagal 1  
Ábhar*

1. Leis an Treoir seo, leagtar amach rialacha [...] **lena n-áirthítear go mbeidh** caingne ionadaíocha atá dírithe ar chomhleasanna tomhaltóirí a chosaint **ar fáil i ngach Ballstát**, agus [...] **go dtugtar** na coimircí iomchuí chun dlíthíocht mhí-úsáideach a sheachaint. **Na bearta a glacadh chun forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riarracháin na mBallstát a chomhfhogasú, is é feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh is cuspóir dóibh, agus é mar bhonn ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a bhaint amach.**
2. Ní chuirfidh an Treoir seo cosc ar na Ballstáit [...] modhanna nós imeachta a ghlacadh nó a choimeád i bhfeidhm [...] **chun** comhleasanna tomhaltóirí a chosaint ar an leibhéal náisiúnta. **Áiritheoidh na Ballstáit, áfach, go gcloífidh sásra caingne ionadaíche amháin ar a laghad leis an Treoir seo.**

*Airteagal 2*  
**Raon Feidhme**

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le caingne ionadaíocha a thugtar in aghaidh sáruithe ag trádálaithe ar na forálacha de chuid dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I, **mar a thrasuitear iad sa dlí náisiúnta freisin**, a dhéanann síobháil do chomhleasanna tomholtóirí nó a d'fhéadfadh síobháil a dhéanamh dóibh. **Tá an Treoir seo gan dochar do dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I.** Beidh feidhm aici maidir le sáruithe intíre agus trastearann, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil deireadh tagtha leis na sáruithe roimh thús a bheith curtha leis an gcaingean ionadaíoch nó sula bhfuil críoch curtha leis an gcaingean ionadaíoch.
2. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do na rialacha lena leagtar síos na leigheasanna conarthacha agus neamhchonarthacha atá ar fáil do thomholtóirí maidir le sáruithe den sórt sin faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.
3. Tá an Treoir seo gan dochar do rialacha an Aontais maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach, go háirithe na rialacha a bhaineann le dlínse cúirte, **aithint agus forfheidhmiú breithiúnas**, agus leis an dlí is infheidhme.

*Airteagal 3*  
**Sainmhínithe**

Chun críoch na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'tomholtóir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ghníomhaíonn chun críocha nach mbaineann le gnó, gnólacht, ceird nó gairm beatha [...] **an duine sin**;
- (2) ciallaíonn 'trádálaí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, gan beann ar é a bheith faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag gníomhú, lena n-áirítear trí aon duine eile atá ag gníomhú faoi ainm **an duine sin** nó thar ceann **an duine sin**, chun críocha a bhfuil baint acu le trádáil, gnó, ceird nó gairm **an duine sin**;

- (3) ciallaíonn 'comhleasanna tomhaltóirí' leas **ginearálta** na [...] dtomhaltóirí **agus, go háirithe chun críche beart sásaimh, leasanna grúpa tomhaltóirí;**
- (4) ciallaíonn 'caingean ionadaíoch' caingean chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint [...] **arna tabhairt ag eintiteas cáilithe lena ndíritear ar beart urghaire nó ar bheart sásaimh, nó ar an dá cheann;**
- (4a) ciallaíonn 'caingean ionadaíoch intíre' caingean ionadaíoch arna tabhairt ag eintiteas cáilithe sa Bhallstát ina bhfuil an t-eintiteas cáilithe ainmnithe;**
- (4b) ciallaíonn 'caingean ionadaíoch trasteorann' caingean ionadaíoch arna tabhairt ag eintiteas cáilithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an t-eintiteas cáilithe ainmnithe;**
- (5) ciallaíonn 'cleachtas' aon ghníomh nó aon neamhgníomh de chuid trádálaí;
- (6) ciallaíonn 'cinneadh críochnaitheach' cinneadh ó chuírt Ballstáit **nó ó údarás riarracháin Ballstáit** nach féidir a athbhreithniú nó nach féidir [...] **a athbhreithniú a thuilleadh trí ghnáthmhodhanna achomhairc.**

## **Caibidil 2**

### **Caingne ionadaíocha**

*Airteagal 4*

***Eintitis cháilithe chun críche caingne ionadaíocha intíre***

1. Eintitis cháilithe atá ainmnithe ag na Ballstáit [...] chuige sin, arna iarraidh sin dóibh, [...] áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leo caingne ionadaíocha **intíre** a thabhairt.

[...]

[...]

2. [...]
  3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eagraíochtaí tomhaltóirí [...] go háirithe, **lena n-áirítear na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar thomhaltóirí ó níos mó ná aon Bhallstát amháin**, incháilithe **le hiarratas a dhéanamh** ar stádas an eintitis cháilithe **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**. [...]
  4. [...]
- 4a. Féadfaidh na Ballstáit comhlachtaí poiblí a ainmniú mar eintitis cháilithe.**
- 4b. Féadfaidh na Ballstáit eintiteas cáilithe a ainmniú, ar iarraidh uaidh féin, ar bhonn *ad hoc* chun críche caingne ionadaíche faoi leith.**
- 4c. Déanfar faisnéis faoi eintitis cháilithe, a ainmníodh roimh ré chun críche aon chaingne ionadaíche, a chur ar fáil don phobal.**
5. [...]

*Airteagal 4*

*Eintitis cháilithe a ainmniú chun críche caingne ionadaíocha trasteorann*

- Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eintitis, go háirithe eagraíochtaí tomholtóirí, lena n-áirítear na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar chomhaltaí ó níos mó ná aon Bhallstát amháin, incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar stádas an eintitis cháilithe chun críche caingne ionadaíocha trasteorann.
- Féadfaidh na Ballstáit comhlachtaí poiblí a ainmniú mar eintitis cháilithe chun críche caingne ionadaíocha trasteorann.

3. Gan dochar do mhír 2, ainmneoidh na Ballstáit eintiteas, arna iarraidh sin dó, mar eintiteas cáilithe chun críche caingne ionadaíocha trasteorann más rud é go gcomhlíonann an t-eintiteas gach ceann de na critéir seo a leanas:

- (a) is duine dlítheanach é, ceartbhunaithe de réir dhlí an Bhallstáit ainmniúcháin 18 mí roimh an iarraidh ar ainmniúchán agus is féidir leis ranpháirtíocht 12 mhí a léiriú i ghníomhaíocht phoiblí iarbhír a bhain le leasanna tomhaltóirí a chosaint;
- (b) i gcomhréir lena chuspóir reachtúil, tá leas dlisteanach aige maidir le leasanna tomhaltóirí a chosaint mar a fhoráiltear i ndlí an Aontais a chumhdaítear leis an Treoir seo;
- (c) is de charachtar neamhbhrabús é;
- (ca) tá an t-eolas agus na scileanna aige i réimse a ghníomhaíochta a bhfuil gá leo chun caingne ionadaíocha trasteorann a thabhairt sa réimse sin;
- (caa) baineann staid airgeadais fhóntha chobhsaí leis;
- (cb) níl sé faoi thionchar daoine, seachas tomhaltóirí, a bhfuil leas eacnamaíoch acu i gcaingean a thabhairt, go háirithe trádálaithe, lena n-áirítear i gcás cistiú ó thríú páirtithe, agus tá nósanna imeachta aige chun tionchar mar sin a chosc;
- (cc) nochtann sé faisnéis go poiblí, trí mhodh iomchuí ar bith, go háirithe ar a shuíomh gréasáin, maidir leis na critéir thuasluaite, chomh maith le faisnéis faoi fhoinsé chistiúcháin a ghníomhaíochta i gcoitinne.

3a. Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan amach chun teorainn a chur leis an gceart atá ag eintiteas cáilithe caingean ionadaíoch a thabhairt i réimse gníomhaíochta an eintitis sin.

**3b. Tabharfaidh na Ballstáit liosta don Choimisiún de na heintitis cháilithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, lena n-áirítear ainm agus cuspóir na n-eintiteas cáilithe sin chomh maith leis na teorainneacha féideartha dá dtagraítear i mír 3a, tráth nach déanaí ná ... [bliain amháin tar éis dháta an trasuí] agus aon uair a thiocfaidh athrú ar an liosta sin.**  
**Déanfaidh na Ballstáit na liostaí sin a chur ar fáil don phobal.**

**Cuirfidh an Coimisiún liosta achomhair de na heintitis cháilithe sin ar fáil don phobal.**  
**Tabharfar an liosta cothrom le dáta gach bliain agus cuirfear aon athruithe a dhéanfar air in iúl don Choimisiún.**

- 4. Gach cúig bliana, ar a laghad, measfaidh na Ballstáit an bhfuil na critéir atá liostaithe i mír 3 fós á gcomhlíonadh ag na heintitis cháilithe. Áiritheoidh na Ballstáit go gcaillfidh an t-eintiteas cáilithe a stádas mura gcomhlíonann sé a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na critéir.**
- 5. Má cheistíonn Ballstát nó an Coimisiún an bhfuil na critéir a leagtar síos i mír 3 á gcomhlíonadh ag eintiteas cáilithe, déanfaidh an Ballstát a d'ainmnigh an t-eintiteas sin an cheist a scrúdú agus, i gcás inarb iomchuí, an t-ainmniúchán a chúlghairm mura bhfuil ceann amháin nó níos mó de na critéir á gcomhlíonadh.**
- 6. Ainmneoidh na Ballstáit pointí teagmhála náisiúnta chun críche mhír 5 agus cuirfidh siad ainm agus sonraí teagmhála na bpointí teagmhála sin in iúl don Choimisiún.**  
**Déanfaidh an Coimisiún liosta de na pointí teagmhála ainmnithe sin agus cuirfidh sé ar fáil do na Ballstáit é.**

*Airteagal 4b*  
*Caingne ionadaíocha trasteorann a thabhairt*

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le heintitis chálithe atá ainmnithe chun críche caingne ionadaíocha trasteorann i mBallstát eile caingne ionadaíocha mar sin a thabhairt os comhair a gcúirteanna nó a n-údarás riaracháin.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh an sárú líomhainte difear do thomhaltóirí i mBallstáit dhifriúla nó más dócha go ndéanfaidh sé difear do thomhaltóirí i mBallstáit dhifriúla, go bhféadfadh roinnt eintiteas cáilithe ó Bhallstáit dhifriúla, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, an chaingean ionadaíoch a thabhairt os comhair círt inniúil nó údarás riaracháin Ballstáit chun comhleasanna tomhaltóirí i mBallstáit dhifriúla a chosaint.
3. Glacfaidh na círteanna nó na húdaráis riaracháin leis an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4a(3b) mar chruthúnas ar inniúlacht an eintitis chálithe caingean ionadaíoch a thabhairt, gan dochar dá gceart chun a scrídú an bhfuil cuspóir reachtúil an eintitis chálithe ina bhonn cirt leis an eintiteas sin caingean a thabhairt i gcás sonrach.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan amach ar dá réir a bheidh inniúlacht ag a gcúirteanna nó ag a n-údarás riaracháin a scrídú an bhfuil caingean ionadaíoch trasteorann ar shásamh atá á tabhairt ag an eintiteas cáilithe á mhaoiniú ag tríú páirtí a bhfuil leas eacnamaíoch aige nó aici i dtoradh na caingne sin, agus más rud é go bhfuil, inniúlacht dhlíthiúil an eintitis chálithe a dhiúltú chun críche na caingne ionadaíche trasteorann sonraí sin.
4. Agus caingean ionadaíoch trasteorann á tabhairt aige, dearbhóidh an t-eintiteas cáilithe don chúirt nó don údarás riaracháin a dtugtar an chaingean os a comhair nó os a chomhair go gcomhlíonann an t-eintiteas na critéir a liostaítear in Airteagal 4a(3). Mar sin fein, féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh lena áirithiú go bhfuil an inniúlacht ag an gcúirt nó ag an údarás riaracháin chun a scrídú an gcomhlíontar na critéir más rud é go mbíonn imní chuí-réasúnaithe ann i ndáil leis sin.

- 5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá i gcás nach slán don fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 maidir le comhlíonadh na gcritéar ceart. Is féidir a áireamh ar na bearta sin an deis a thabhairt don chúirt nó don údarás riarcháin an chaingean a dhíbhe. Ní dhéanfaidh dhíbhe den sórt sin difear do chearta na dtomholtóirí a mbaineann an chaingean leo.**
- 6. Déanfaidh na cúirteanna nó na húdaráis riarcháin a dtugtar an chaingean os a gcomhair measúnú ar inghlacthacht caingne ionadaíche trastearann sonraí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.**

*Airteagal 5*  
*Caingne ionadaíocha [...]*

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le heintitis cháilithe caingne ionadaíocha a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 2 os comhair na gcúirteanna náisiúnta nó na n-údarás riarcháin [...].

**Agus caingean ionadaíoch á tabhairt, déanfaidh an t-eintiteas cáilithe fainseis leordhóthanach faoi na tomholtóirí lena mbaineann an chaingean a chur ar fáil don chúirt nó don údarás riarcháin.**

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh eintitis cháilithe i dteideal [...] na bearta seo a leanas **ar a laghad, mar is iomchuí**, [...] a lorg:
- (a) [...] bearta [...] urghaire [...];
- (b) [...]

**(ba) beartha sásaimh.**

[...]

3. [...]
4. [...] Féadfaidh [...] na Ballstáit [...] **a chur ar a gcumas** d'eintitis cháilithe [...] na beartha [...] dá dtagraítear i mír 2 a lorg, **mar is iomchuí**, mar aon chaingean ionadaíoch amháin.  
**Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfar na beartha sin a eisiúint mar aon chinneadh amháin.**
- 4a. **Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh eintitis cháilithe ionadaíocht, in aon chaingean ionadaíoch amháin, ar leasanna na dtomholtóirí agus go mbeidh ag eintitis sna himeachtaí sin na cearta agus na hoibleagáidí a bhíonn ag páirtí sna himeachtaí. Beidh gach tomholtóir lena mbaineann an chaingean i dteideal tairbhe a bhaint as na beartha dá dtagraítear i mír 2. Is in imthosca eisceachtúla amháin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a iompróidh na tomholtóirí lena mbaineann an chaingean costais na n-imeachtaí. Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan amach lena gceadófar táillí beaga iontrála nó muirir rannpháirtíochta den chineál céanna a ghearradh.**

*Airteagal 5a*  
*Bearta urghaire*

1. Is iad seo na bearta urghaire dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(a):

- (a) beart sealadach chun scor a chur ar, nó i gcás inarb iomchuí, toirmeasc a chur ar chleachtas a mheastar a bheith ina shárú;
- (b) beart cinntitheach chun scor a chur ar, nó i gcás inarb iomchuí, toirmeasc a chur ar chleachtas atá ina shárú.

- 1a. Féadfar a áireamh ar bheart dá dtagraítear i mír 1(b), i gcomhréir leis an dlí náisiúnta:
- (a) beart lena suitear gur sárú é an cleachtas;
- (b) oibleagáid an cinneadh faoin mbeart a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach, i riocht a mheastar a bheith leordhóthanach, nó ráiteas ceartaitheach a fhoilsiú.
2. Chun beart urghaire a lorg, ní bheidh ar an eintiteas cáilithe cruthúnas a thabhairt maidir leis an gcaillteanas nó damáiste iarbhír ar thaobh na dtomholtóirí aonair a ndearna an sárú difear dóibh ná cruthúnas maidir le hintinn ná le faillí an trádálaí. Aon tomholtóirí lena mbaineann caingean ionadaíoch ar bheart urghaire, ní cheanglófar orthu a bheith rannpháirteach sa chaingean ionadaíoch sin.
3. Féadfaidh na Ballstáit forálacha de chuid an dlí náisiúnta a thabhairt isteach ná a choimeád, faoi nach féidir le heintiteas cáilithe na bearta urghaire sin dá bhforáiltear i mír 1(b) a lorg ach tar éis dó féachaint le scor an tsáraithe a bhaint amach i gcomhairle leis an trádálaí. I gcás nach gcuireann an trádálaí, tar éis dó an iarraidh ar chomhairliúchán a fháil, deireadh leis an sárú laistigh de dhá sheachtain, féadfaidh an t-eintiteas cáilithe caingean ionadaíoch a thabhairt ar bheart urghaire gan a thuilleadh moille. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh fhorálacha ábhartha an dlí náisiúnta. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh teacht ag an bpobal ar an bhfaisnéis sin.

*Airteagal 5b*  
*Bearta sásaimh*

1. Leagfar d'oibleagáid ar an trádálaí, i ngeall ar bheart sásaimh, leigheasanna amhail cúiteamh, deisiú, athsholáthar, laghdú praghsanna, foirceannadh conartha nó aisíocaíocht an phraghais a íocadh a chur ar fáil do na tomholtóirí lena mbaineann, mar is iomchuí agus mar a bheidh fáil air faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.
2. Bunóidh na Ballstáit rialacha maidir le conas agus cathain a fhéadfaidh na tomholtóirí aonair a mbaineann an chaingean leo a chur in iúl, go sainráite nó go hintuigthe, laistigh de na teorainneacha ama iomchuí, tar éis an chaingean sin a thabhairt, gur toil nó nach toil leo go ndéanfadhbh an t-eintiteas cálithe ionadaíocht orthu laistigh den chaingean ionadaíoch ar bhearta sásaimh agus a bheith faoi cheangal ag toradh na caingne sin.
3. In ainneoin mhír 2, áiritheoidh na Ballstáit nach mór do thomholtóirí aonair, nach mbíonn gnáthchónai orthu i mBallstát na cúirte nó an údaráis riarracháin ar tugadh an chaingean ionadaíoch os a gcomhair, a chur in iúl go sainráite gur toil leo go ndéanfaí ionadaíocht orthu sa chaingean sin chun go mbeidh siad faoi cheangal ag toradh na caingne.
- 3a. Tomholtóirí a bhfuil sé curtha in iúl go sainráite nó go hintuigthe acu gur toil leo go ndéanfaí ionadaíocht orthu sa chaingean ionadaíoch, ní ceadmhach ionadaíocht a dhéanamh orthu i gcaingne ionadaíocha eile ná ní ceadmhach dóibh caingean aonair a thabhairt leis an gcúis caingne chéanna in aghaidh an trádálaí chéanna.

4. Más rud é nach sonraítear sa bheart sásaimh tomhaltóirí aonair atá i dteideal tairbhe a bhaint as leigheasanna arna gcur ar fáil faoin mbeart, tabharfar tuairisc inti ar a laghad ar an ngrúpa tomhaltóirí atá i dteideal tairbhe a bhaint as na leigheasanna sin.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag na tomhaltóirí, de bhun an bhirt sásaimh, na damáistí a ghnóthú gan beart ar leith a thabhairt iad féin.
6. Déanfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos nó a choimeád ar bun maidir le teorainneacha ama do thomhaltóirí aonair chun tairbhe a bhaint as na bearta sásaimh. Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le ceann scriibe aon chistí sásaimh a fágadh gan íoc agus nár aisghabhadh laistigh de na teorainneacha ama a leagadh síos.
7. Maidir le leigheasanna a chuirtear ar fáil trí bhíthin bearta sásaimh mar chuid de chaingeán ionadaíoch, beidh siad gan dochar d'aon leigheasanna breise atá ar fáil do thomhaltóirí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, ar leigheasanna iad nach raibh faoi réir na caingne ionadaíche sin.
8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh eintitis cháilithe in ann caingne ionadaíocha a thabhairt ar bheart sásaimh gan beann ar an gcoinníoll faoi nach mór do chuírt nó d'údarás riarracháin sárú a shuí roimh ré trí imeachtaí ar leithligh.

*Airteagal 6*  
[...]

[...]

*Airteagal 7*  
*[...]*

*Airteagal 8*  
***Socraíochtaí maidir le sásamh***

1. [...]
2. **Ag féachaint dóibh d'fhormheas na socraíochta,** áiritheoidh na Ballstáit an méid seo [...] mar chuid [...] de chaingean ionadaíoch [...] **ar lorg bearta sásaimh:**
  - (a) **féadfaidh an t-eintiteas cáillithe agus an trádálaí go comhpháirteach socrú i ndáil le sásamh do thomholtóirí a mholadh don chúirt nó don údarás riarracháin; nó**
  - (b) féadfaidh an chúirt nó an t-údarás riarracháin a iarraidh ar an eintiteas cáillithe agus [...] ar an **trádálaí**, ar dhul i gcomhairle leo, teacht ar shocraíocht maidir le sásamh laistigh de theorainn ama réasúnach agus socraithe.
3. [...]

4. Beidh na socraíochtaí dá dtagraítear i mír [...] 2 faoi réir ghrinnscrúdú na cúirte nó an údaráis riachán. Déanfaidh an chúirt nó an t-údarás riachán measúnú ar [...] **cé acu a chaithfear nó nach gcaithfear diúltú socraíocht a fhormheas atá contrártha leis an dlí náisiúnta éigeantach nó ina bhfuil coinníollacha nach féidir a fhorfheidhmiú**, ag cur san áireamh chearta agus leasanna na bpáirtithe uile, [...] **agus go háirithe** leasanna na dtomholtóirí lena mbaineann. **Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos a cheadóidh don chúirt nó don údarás riachán formheas a dhiúltú ar an mbonn go bhfuil an tsocraíocht sin éagórach.**
5. Mura bhformheastar [...] an tsocraíocht, leanfaidh an chúirt nó an t-údarás riachán den chaingean ionadaíoch **a éisteacht**.
6. **Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos faoina dtugtar do** na tomholtóirí aonair lena mbaineann **an chaingean agus an tsocraíocht a dhéanfar dá héis** [...] deis na socraíochtaí dá dtagraítear i mír [...] 2 [...] a ghlacadh nó diúltú a bheith faoina réir. Beidh [...] **na leigheasanna** a gheofar trí bhíthin socraíocht fhormheasta i gcomhréir le mír 4 gan dochar d'aon [...] **leigheasanna** eile [...] dá mbeidh **ar fáil** faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta **agus nach raibh faoi réir na socraíochta sin.**

*Airteagal 9  
Faisnéis maidir le caingne ionadaíocha*

- 0. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha chun a áirithiú go mbeidh deis ag na tomholtóirí lena mbaineann caingean ionadaíoch ar bheart sásaimh iad féin a chur ar an eolas faoin gcaingean go pras agus go hiomchuí chun go mbeidh ar a gcumas a gcearta a fheidhmiú faoi mar a shonraítear in Airteagal 5b(2).**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an chúirt nó an t-údarás riachán de cheangal ar [...] an trádálaí [...] na tomholtóirí **a mbaineann an chaingeann leo** a chur ar an eolas, ar a chostas féin, faoi na cinntí críochnaitheacha ina bhforáiltear maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal [...] 5 [...], agus sna socraíochtaí formheasta dá dtagraítear in Airteagal 8, trí mhodhanna is iomchuí d'imthosca an cháis agus laistigh de theorainneacha ama sonraithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí fhógra a thabhairt do gach tomholtóir ar leith lena mbaineann. **Ní bheidh feidhm ag an méid sin más ar bhealach éigin eile a chuirtear na tomholtóirí lena mbaineann ar an eolas faoin gcinneadh críochnaitheach nó faoin tsocraíocht fhormheasta. Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos a fhágann gur ar iarraidh ón eintiteas cáilithe a bhraitheann oibleagáid den sórt sin.**

**1a. Má cheanglaítear ar na heintitis chálithe na tomholtóirí lena mbaineann a chur ar an eolas faoin gcaingean, féadfar na costais ghaolmhara a fháil ar ais ón trádálaí má éiríonn leis an gcaingean.**

**Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír *mutatis mutandis* maidir le gach cinneadh críochnaitheach.**

2. Mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna **0 agus 1**, beidh míniú i dteanga intuigthe ar ábhar na caingne ionadaíche, a iarmhaintí dlí agus, más iomchuí, na céimeanna a bheidh le glacadh ag na tomholtóirí lena mbaineann.

*Airteagal 10*  
**Éifeachtaí cinntí críochnaitheacha**

[...]Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar **cinneadh críochnaitheach a eiseoidh cúirt nó údarás riachán de chuid aon Bhallstát lena suitear** gurb ann do shárú a dhéanann díobháil do chomhleasanna tomholtóirí [...] **a úsáid** mar [...] **fhianaise** gurb ann don sárú sin chun críocha aon chaingne eile lena lorgaítear sásamh os comhair a gcúirteanna náisiúnta **nó a n-údarás riachán** féin in aghaidh an trádálaí chéanna maidir leis an sárú céanna, **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta maidir le meastóireacht a dhéanamh ar fhianaise.**

[...]

*Airteagal 11*  
*[...] Tréimhsí teorann*

Áiritheoidh na Ballstáit [...] **go mbeidh sé d'éifeacht ag caingean ionadaíoch atá ar feitheamh ar bheart urghaire dá dtagraítear in Airteagal 5a tréimhsí teorann is infheidhme a fhionraí nó a bhriseadh i ndáil le tomholtóirí a mbaineann an chaingean leo ionas nach gcoisctear ar na tomholtóirí sin caingean sásaimh a thabhairt ina dhiaidh sin maidir leis an sárú líomhainte mar gheall ar dhul in éag na dtréimhsí teorann le linn na gcaingne ionadaíocha ar na bearta urghaire sin. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go mbeidh sé d'éifeacht ag caingean ionadaíoch atá ar feitheamh ar bheart sásaimh dá dtagraítear in Airteagal 5b(1) tréimhsí teorann is infheidhme a fhionraí nó a bhriseadh i ndáil le tomholtóirí a mbaineann an chaingean sin leo.**

*Airteagal 12*  
***Luas an nós imeachta***

1. Áiritheoidh [...] na Ballstáit go gcaithfear leis **na** caingne ionadaíocha **ar bhearta urghaire** dá dtagraítear in Airteagal [...] **5a** [...] leis an luas cuí.
2. Más iomchuí, is mar [...] nós imeachta **achomair** a chaithfear le caingne ionadaíocha **ar bhearta sealadacha lena stopfar nó, i gcás inarb iomchuí, lena dtoirmiscfear cleachtas a mheastar mar shárú** [...] dá dtagraítear in Airteagal 5 [...] **a(1)(a)**.

*Airteagal 13*  
**Faisnéis a noctadadh**

Ar iaraidh ó eintiteas cáilithe a bhfuil [...] fianaise curtha i láthair aige atá le fáil go réasúnach agus ar leor í chun tacú leis an gcaingean ionadaíoch, agus má shonraíonn an t-eintiteas sin tuilleadh fianaise atá faoi rialú an chosantóra **nó tríú páirtí**, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an chúirt nó an t-údarás riarcháin a ordú, i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nós imeachta, go dtabharfaidh an cosantóir **nó an tríú páirtí** an fhianaise sin i láthair, faoi réir na rialacha de chuid an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le rúndacht **agus comhréireacht**.  
**Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cúirt nó údarás riarcháin in ann, ar iaraidh a fháil ón gcosantóir, an t-éilitheoir nó tríú páirtí a ordú freisin, fianaise ábhartha a noctadadh, i gcomhréir le rialacha náisiúnta nós imeachta.**

*Airteagal 14  
Pionóis*

1. Déanfaidh na Ballstáit [...] rialacha [...] a leagan síos **lena n-áiritheofar gur féidir pionóis a fhorchur i gcás ina mainneofar nó ina ndiúltófar beart urghaire, dá dtagraítear in Airteagal 5a(1) nó i bpointe (b) d'Airteagal 5a(1a), nó na hoibleagáidí dá dtgraítear in Airteagal 9(1) agus Airteagal 13, a chomhlíonadh.** Déanfaidh **na Ballstáit** pé bearta is gá chun a áirthiú go gcuirfear [...] **na rialacha sin** chun feidhme. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir na pionóis a bheith i bhfoirm fineálacha.
3. [...]
4. [...]

*Airteagal 15  
Cúnamh d'eintitis cháilithe*

1. Déanfaidh na Ballstáit [...] bearta **darb aidhm** a áirthiú **nach mbeidh** na costais nós imeachta a bhaineann le caingne ionadaíocha ina mbac **dosháraithe** [...] dar siocair **nach mbeidh eintitis cháilithe in ann a gceart ar na bearta** dá dtgraítear in Airteagal 5 [...] **a fheidhmiú** [...] go héifeachtach.

2. [...]
3. [...] Tacóidh an Coimisiún leis an gcomhar idir eintitis cháilithe agus le malartú agus scaipeadh **faisnéise faoi** [...] dhea-chleachtais agus taithí a bhaineann le sáruithe [...] a réiteach, agus éascóidh siad an méid sin.

*Airteagal 16  
[...]*

[...]

## Caibidil 3

### Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 17  
Aisghairm*

Aisghairtear Treoir 2009/22/AE amhail ón [*dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] gan dochar d'Airteagal 20(2).

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhirléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 18  
Faireachán agus meastóireacht*

1. Tráth nach luithe ná cúig bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil maidir leis na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le rialáil níos fíorr. Sa tuarascáil, déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe ar raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo mar a shainítear sin in Airteagal 2 agus in Iarscríbhinn I **agus ar fheidhmiú agus éifeachtacht na Treorach sin i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear i dtéarmaí deimhneachta dlíthiúla.**

2. Tráth nach déanaí ná bliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún a mheas an bhfuil an leibhéal cosanta do chearta tomholtóirí faoi na rialacha maidir le cearta paisinéirí aeir agus iarnróid inchomparáide leis an leibhéal cosanta dá bhforáiltear faoin Treoir seo. Más amhlaidh an cás, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tograí iomchuí a dhéanamh lena n-áirítéar, go háirithe, na gníomhartha dá dtagraítear i bpointí 10 agus 15 d'Iarscríbhinn I a bhaint as raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo mar a shainítéar in Airteagal 2.
3. Soláthroidh na Ballstáit don Choimisiún, ar bhonn bliantúil, den chéad uair ceithre bliana ar a dhéanaí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, an fhaisnéis seo a leanas atá riachtanach chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú:
  - (a) líon agus **cineál** na gcaingne ionadaíocha [...] **a chuir aon cheann dá gcúirteanna nó dá n-údaráis riarcháin críoch leo;**
  - (b) [...]
  - (c) cineál na [...] sáruithe [...] **agus** na páirtithe sna caingne ionadaíocha [...];
  - (d) [...]
  - (e) torthaí na gcaingne ionadaíocha.
  - (f) [...]

*Airteagal 19*  
*Trasúí*

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [...] 30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí.. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh na Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm ón [...] 12 mhí ó spriocdháta an trasuite].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 20*  
*Forálacha idirthréimhseacha*

1. Cuirfidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin lena dtrasuitear an Treoir seo i bhfeidhm maidir le [...] caingne [...] a thugtar ar nó tar éis an [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].
2. Cuirfidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin lena dtrasuitear Treoir 2009/22/CE i bhfeidhm maidir le [...] caingne [...] a thugtar roimh an [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riarácháin náisiúnta maidir leis na tréimhsí teorann lena trasuitear Airteagal 11 a fhionraí nó a bhriseadh ach amháin i gcás éilimh sásaimh a bhunaítear ar sháruithe a tharla ar nó tar éis an [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Ní chuirfear cosc, leis sin, ar fheidhmiú fhorálacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann a fhionraí nó a bhriseadh, ar tréimhsí iad a bhí infheidhme cheana roimh [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] i gcás éilimh sásaimh arna mbunú ar sháruithe a tharla roimh an dáta sin.**

*Airteagal 21  
Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 22  
Seolaithe*

Díritear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaímint na hEorpa  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

## **IARSCRÍBHINN I**

### LIOSTA D'FHORÁLACHA DHLÍ AN AONTAIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2(1)

#### **A – Dlí ginearálta na dtomholtóirí**

- (1) Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú dlithe, rialachán agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210 , 07.08.1985, lch. 29–33).
- (2) Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomholtóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).
- (4) Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le gnéithe áirithe de dhíolachán earraí tomholtóra agus na ráthaíochtaí gaolmhara (IO L 171, 7.7.1999, lch. 12).

**(4a) Treoir (AE) 2019/770 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar (IO L 136, 22.5.2019, lch. 1–27).**

**(4b) Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun earraí a dhíol, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28–50).**

**(4c) Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2001, lch. 4–17): Airteagal 3 agus Airteagal 5.**

- (11) Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtala éagothroma idir gnólachtaí agus tomholtóirí sa mhargadh inmheánach (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).
- (13) Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 21)[...].
- (14) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36); **Airteagail 20 agus 22.**

- (35) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).
- (59) Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmhéanach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 60, 02.03.2018, lch. 1): **Airteagail 3 - 5.**

### **B – Faisnéis agus lipéadú táirgí**

- (3) Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl (IO L 80, 18.3.1998, lch. 27).
- (18) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1–1355): **Airteagail 1 - 35.**
- (26) Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraíméadar riachtanach eile (IO L 342, 22.12.2009, lch. 46–58): **Airteagail 4 - 6.**
- (30) Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1–19): **Airteagail 9 - 10.**

- (36) Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomholtóirí, lena leasaíttear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18–63).
- (58) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1–23): **Airteagail 3 - 6.**

## **C – Cearta paisinéiri**

**(10-a) Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1997 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéiri agus a gcuid bagáiste d'aer (IO L 285, 17.10.1997, lch. 1–3).**

- (10) Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéiri i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO L 46, 17.2.2004, lch. 1).
- (12) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luineachta agus iad ag taisteal d'aer (IO L 204, 26.7.2006, lch. 1).
- (15) Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéiri iarnróid (IO L 315, 3.12.2007, lch. 14).

- (17) Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3): Airteagal [...] 23[...].

**(17a) Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuij i gcás tionóisci (IO L 131, 28.5.2009, lch. 24–46).**

- (31) Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taistéal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaíttear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 334, 17.12.2010, lch. 1).
- (32) Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaíttear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 55, 28.2.2011, lch. 1).

**D – Turasóireacht**

- (19) Treoir 2008/122/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le tomholtóirí a chosaint i ndáil le gnéithe áirithe de chonarthaí amroinnte, de chonarthaí um tháirgí saoire fadtéarmacha, de chonarthaí athdhíola agus de chonarthaí malaирte (IO L 33, 3.2.2009, lch. 10).
- (47) Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taistéal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaíttear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1).

## **E – Sláinte**

(6) Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir le Cód an Chomhphobail i dtaca le táirgí íocshláinte atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67): Airteagail 86–**90, 98 agus** 100.

**(6a) Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (athmhúnlú) (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59-209): Airteagail 3-8 agus 19-21.**

(33) [...]

**(33a) Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí Leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002 agus (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle: Caibidil II.**

**(33b) Rialachán 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí Leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún: Caibidil II.**

## **F – Ríomhthráchtáil agus seirbhísí**

- (5) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa mhargadh inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1): **Airteagail 5–7, 10 agus 11.**
- (28) Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riacháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1): Airteagail 9–11, [...] 19–26 **agus 28b.**
- (55) Rialachán (AE) 2017/1128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteoíonn seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach (IO L 168, 30.6.2017, lch. 1).

## **G – Teileachumarsáid**

- (7) Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí i dtaca le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir um Sheirbhís Uilíoch) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 51–77): **Airteagal 10 agus Caibidil IV.**
- (7a) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú) (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36–214): Airteagail 88, 98 – 116 agus Iarscríbhinní VI agus VIII.**
- (38) Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaise laistigh den Aontas (IO L 172, 30.6.2012, lch. 10–35).

- (51) Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon **agus muirir mhiondíola ar chumarsáid rialálte laistigh den Aontas** agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE [...] agus Rialachán Uimh. 531/2012 [...] (IO L 310, 26.11.2015, lch. 1-18).

## **H – Sonraí pearsanta**

- (8) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37): Airteagail **4–8 agus 13**.
- (53) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonrai) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88).

## **I – An margadh fuinnimh**

- (20) Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 55–93): **Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I.**
- (21) Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94–136): **Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I.**

## **J – Éifeachtúlacht fuinnimh**

- (25) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10–35): **Airteagal 14 agus Iarscríbhinn I.**
- (29) [...]
- (39) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1–56): **Airteagail 9–11a.**

## **K – Réiteach díospóide**

- (40) Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospoidí tomholtóirí (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63): Airteagal 13.
- (41) Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach díospóide ar líne le haghaidh díospoidí tomholtóirí (Rialachán maidir le ODR le haghaidh tomholtóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 1): Airteagal 14.

## **L – Seirbhísí ginearálta airgeadais**

- (9) Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomholtóirí (IO L 271, 9.10.2002, lch. 16).
- (16) Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomholtóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).

- (23) Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteoíann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 (IO L 266, 9.10.2009, lch. 11–18).
- (24) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus an gnó sin a shaothrú agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7–17).
- (37) Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22–37).

- (44) Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomholtóirí i dtaca le maoin chónaithe dho-aistrithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34)[...].
- (46) Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hincomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214)[...].
- (50) Treoir 2015/2366 (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35–127).

#### **M – Seirbhísí infheistíochta**

- (22) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riarracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32–96).
- (34) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1–73).
- (42) [...]

- (43) [...]
- (45) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 2002/92/CE agus 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349–496): **Airteagail 23-29.**
- (48) Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1–23).
- (49) Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lch. 98–121).
- (56) Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsíú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialálte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12–82).
- (57) Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid (IO L 169, 30.6.2017, lch. 8–45).

## **N – Seirbhísí árachais agus scoir**

- (27) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú, (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1–155): Airteagail 183–186.
- (52) Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (athmhúnlú) (IO L 26, 2.2.2016, lch. 19–59): **Airteagail 17–24 agus 28-30.**

(54) [...]

---